# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2021

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Gnó

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála.

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil.

- **Ní** freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.

- I gcuid mhaith cásanna sna nótaí tacaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.

- **Déantar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.**

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh riachtanais athrú ó bhliain go bliain.

- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

- Scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht an chuir chuige a ghlacann aon iarrthóir ar leith i gcás aon cheiste, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena scrúdaitheoir comhairleach.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA-ARDLEIBHÉAL 2021**
**SCÉIM MHARCÁLA**
**ROINN 1**
**(40 marc)**
**Ní mór an roinn seo a fhreagairt.**
**Freagair 4 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

| Ceist | Scéim | Marcanna |
|---|---|---|
| **1.** | 3,2,2,2,1 | 10 |
| **2.** | 3,2,2,2,1 | 10 |
| **3.** | 4m<br>1 x6m (3m +3m) | 10 |
| **4.** | 3,2,2,2,1 | 10 |
| **5.** | (i) 3m<br>(ii) 3m<br>(iii) 2m<br>(iv) 2m | 10 |
| **6.** | (i) 5 (3m + 2m)<br>(ii)5 (3m + 2m) | 10 |
| **7.** | 5m + 5m<br>(3m + 2m) | 10 |
| **8.** | (i) 6m (6@1m)<br>(ii) 4m (2+2) | 10 |
| **9.** | (i) 6m (3+3)<br>(ii) 4m | 10 |
| **10.** | 6m (3+3)<br>4m (2+2) | 10 |
| **11.** | 5m + 5m<br>(3 +2) | 10 |
| **12.** | 5m + 5m<br>(3 +2) | 10 |
| **Roinn 1** | **Marcanna atá ar fáil** | **40** |

**ROINN 2**
**(80 Marc)**
**Naíolann Mhiriam**

| **Ceist ar an nGnó Fheidhmeach (Aonad 3, 4 & 5)<br>Ní mór an roinn seo a fhreagairt.** | | | **Uas. Marc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Tabhair breac-chuntas, agus samplaí á n-úsáid agat, ar na cineálacha éagsúla pleanála a chuidíonn leis an rath atá ar Naíolann Mhiriam.<br>. | 8m + 8m<br>(3 + 3 + 2)<br>+ 7m + 7m<br>(2 + 3 + 2) | 30 marc |
| **(B)** | **(i)** Pléigh, agus tagairt agat don téacs, na cineálacha árachais ghnó a mholfá do Naíolann Mhiriam.<br><br>**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** chineál cánach a d'fhéadfadh Naíolann Mhiriam a íoc. | 3 x 6m<br>(2+2+2)<br>Luaigh, míniú forbartha, Nasc.<br><br>2 x 6m<br>(2 + 2 + 2) | 30 marc |
| **(C)** | Déan measúnú ar an ngné den mheascadh margaíochta do Naíolann Mhiriam a bhaineann le **praghas** agus **cur chun cinn**. | 2 x 10m<br><br>(3+3+2+2)<br><br>Míniú, pointe forbartha, nasc le téacs agus meastóireacht. | 20 marc |
| **Roinn 2** | **Marcanna atá ar fáil** | | **80 marc** |

Agus freagraí á dtabhairt acu ar cheisteanna ar an CGF, ní mór d'iarrthóirí úsáid a bhaint as an eolas ábhartha agus as an tuiscint ábhartha a ghnóthaigh siad san ábhar agus staidéar á dhéanamh acu ar an gcúrsa, chomh maith leis na naisc ábhartha ón CGF.

Maidir leis na naisc a tugadh, **ní foláir** nó go mbaineann siad go díreach do rud ábhartha a luaitear/nath ábhartha/abairt ábhartha ón ABQ a thugann le fios go dtuigeann iarrthóirí pointe/pointí na teoirice a chuirtear i láthair go soiléir. Teastaíonn naisc ar leithligh i ngach roinn. Ní bhronntar aon nasc gan teoiric ábhartha.

**Roinn 3**
**(180 marc)**

Freagair **Trí** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1,** Ceist **amháin** as **Cuid 2** agus ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**. Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

**Cuid 1**

**Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó**

| **Ceist 1**<br><br>**Daoine sa Ghnó** | | | **Uas. Marc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Mínigh, agus úsáid á baint agat as samplaí nuair is cuí, **trí** ghné bhunriachtanacha a bhaineann le conradh bailí. | 7m<br>(2+3+2)<br><br>7m<br>(2+3+2)<br><br>6m<br>(2+3+1) | 20 |
| **(B)** | Déan measúnú ar ról an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT). | 3 @6(3+3)<br><br>1 x 2m<br>Measúnú | 20 |
| **(C)** | Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chineál cúitimh atá ar fáil d'fhostaithe a dífhostaíodh go héagórach faoin Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977/2015. | 7m<br>(3+2+2)<br>+ 7m<br>(3+2+2)<br>+ 6m<br>(2+2+2) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 2<br>Timpeallacht Intíre | | | Uas. Marc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Léirigh an tionchar atá ag na hathróga eacnamaíochta seo a leanas ar ghnólachtaí Éireannacha:<br>**Rátaí úis** **Rátaí boilscithe** **Fostaíocht** | 2 x 7m (4+3)<br>1 x 6m<br>(3+3) | 20 |
| **(B)** | Seachas cáin, pléigh na bealaí éagsúla a dtéann Rialtas na hÉireann i gcion ar an lucht saothair in Éirinn. | 2 x 7m (4+3)<br>1 x 6m<br>(3+3) | 20 |
| **(C)** | **(i)** Mínigh an téarma 'forbairt pobail'.<br><br>**(ii)** Déan cur síos ar na buntáistí **eacnamaíocha** agus **sóisialta** a bhaineann le forbairt pobail. | 6m (3 + 3)<br>14<br>2@7 (4+3) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| | Ceist 3<br>Timpeallacht Idirnáisiúnta | | Uas. Marc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Tabhair breac-chuntas, agus samplaí á n-úsáid agat, ar na bacainní ar an tsaorthrádáil a úsáideann roinnt tíortha. | 2 x 7m (2+3+2)<br>1 x 6m<br>(2+2+2) | 20 |
| **(B)** | **(i)** Mínigh an téarma **domhandú**.<br><br>**(ii)** Déan anailís ar an mbealach a bhfuil tionchar ag athruithe ar an ngeilleagar idirnáisiúnta ar chúrsaí gnó in Éirinn. | 5m<br><br>3 x 5m (2 +3) | 20 |
| **(C)** | Déan measúnú ar an tionchar atá ag aon **dá** cheann de na polasaithe seo a leanas ar Éirinn:<br>**(i)** An Comhbheartas Talmhaíochta<br>**(ii)** An Beartas Iomaíochta<br>**(iii)** Cairt Shóisialta an Aontais Eorpaigh. | 2 x 8m (4m+4m)<br>4m<br>(2+2)<br>+<br>2m<br>Measúnú | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| | **Ceist 4**<br>**Bainistíocht** | | **Uas. Marc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis atá le haighnis chaidrimh thionsclaíoch.<br><br>**(ii)** Pléigh **dhá** chineál gníomhaíochta tionsclaíche oifigiúla atá ar fáil d'fhostaithe atá páirteach in aighneas tionsclaíoch lena bhfostóir. | 10<br>2 x 5m (2 + 3)<br><br>10<br>2 x 5m<br>(2+3) | 20 |
| **(B)** | Déan cur síos ar chaidreamh comhoibritheach agus ar chaidreamh iomaíoch idir dhá tháirgeoir sa chineál céanna gnó. Bain úsáid as samplaí cuí chun tacú le do fhreagraí. | 2 x 10m<br><br>(4 + 3 +3) | 20 |
| **(C)** | **(i)** Mínigh an modh chun deireadh a chur le conradh dlíthiúil a bhfuil tagairt dó sa téacs thuas.<br><br>**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar mhodhanna eile chun deireadh a chur le conradh dlíthiúil. Tabhair sampla i ngach cás. | 6m (3+3)<br><br>14m<br><br>2 x 7m<br><br>(2+3+2) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

**Roinn 3**

**Cuid 2**

**Fiontraíocht**

| **Ceist 5**<br>**Bainistíocht** | | | **Uas. Marc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Pléigh na scileanna agus na tréithe fiontraíochta a shamhlófá le fiontraithe ar nós Maria agus Dáithí. | 4 x 5m (2 +3) | 20 |
| **(B)** | Léirigh na tosca nach mór do ghnólacht a chur san áireamh agus é i mbun caidrimh lena pháirtithe leasmhara éagsúla. | 4 x 5m<br>(2+3) | 20 |
| **(C)** | **(i)** Sainmhínigh an téarma **tarmligean**.<br><br>**(ii)** Déan cur síos ar na buntáistí a bhaineann le tarmligean don bhainistíocht agus do na fostaithe. | 5(2+3)<br><br>3 x 5m (2+3) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 6<br><br>Bainistíocht | | | Uas. Marc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **(i)** Déan idirdhealú idir **foirmiú** agus **normú** mar chéimeanna i bhforbairt foirne.<br><br>**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann fostaithe i ngnólacht as **obair foirne.** | 6m<br>(3m+3m)<br><br>2@7m<br>(4m+3m) | 20 |
| **(B)** | Pléigh na buntáistí do chuideachta amhail Grúpa Chiarraí a bhaineann le Córas Bainistíochta a ghlacadh chuici féin. | 3@5(2+3) | 15 |
| **(C)** | **(i)** Mínigh na cineálacha luachanna saothair airgeadais agus neamhairgeadais seo a leanas.<br><br>**CoimisiúnPlean Ceannaithe Scaireanna d'FhostaitheFleisc am**<br><br>**(ii)** Déan cur síos ar chineál **amháin** eile luacha saothair a spreagann fostaithe ardchumais, dar leat. | 3@6 (3+3)<br><br>7m<br>(2+3+2) | 25 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 7<br>Gnó i nGníomh | | | Uas. Marc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Tabhair breac-chuntas ar na foinsí inmheánacha **agus** seachtracha ónar féidir le gnólachtaí smaointe a fháil do tháirgí nua. | 4 x 5m (2+3) | 20 |
| **(B)** | Léirigh iad seo a leanas le cairt mheá ar mheá:<br>**(i)** An pointe meá ar mheá<br>**(ii)** An lamháil sábháilteachta ar an aschur tuartha<br>**(iii)** An brabús ar an aschur tuartha. | Cairt mheá ar mheá ag taispeáint:<br>• **X Ais :** Aschur in aonaid '000s 1m<br>• **Y Ais :** Ioncam/ Costais €'000s 1m<br>• **Teideal** na Cairte 1m<br>• **FC** líne 2m<br>• **TC** líne 4m<br>• **TR** líne 4m<br>• **BEP** 4m<br>• **MOS** 4m<br>• **Brabús ag aschur na Réamhaisnéise** 4m NÓ<br><br>Ríomhanna amháin: (Uas. 12m)<br>BEP 4m<br>An Brabús ar an aschur Tuartha 4m<br>MOS 4m | 25 |
| **(C)** | **(i)** Sainmhínigh an téarma **lamháil sábháilteachta**.<br><br>**(ii)** Pléigh teorainn **amháin** a bhaineann le hanailís mheá ar mheá nuair a bhíonn cinntí gnó á ndéanamh. | 5m<br><br>2@5m | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 8<br><br>Gnó i nGníomh | | | Uas. Marc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Pléigh na trí dhúshlán thíos a thabhairt orthu mar ghnólacht nuathionscanta.<br><br>**Struchtúr Úinéireachta** **Airgeadas Táirgthe** | 2 x 7m (2+3+2)<br><br>1 x 6m<br><br>(2+2+2) | 20 |
| **(B)** | Déan cur síos ar **na chéad cheithre** chéim de phróiseas forbartha táirge nua. | 4 x 5m<br>(2+3) | 20 |
| **(C)** | **(i) )** Sainmhínigh an téarma **deighilt** an mhargaidh**.**<br><br>**(ii)** Léirigh **dhá** bhealach éagsúla ar féidir an margadh a dheighilt. | 6 (3+3)<br><br>14 (7 + 7)<br>(2 +3 +2) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

**ROINN 1**
**(40 marc)**
**CEISTEANNA GEARRFHREAGRA**
**NÓTAÍ TACAÍOCHTA**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **1.** | | | <table><tr><td>1</td><td>2</td><td>3</td><td>4</td><td>5</td></tr><tr><td>**D**</td><td>**F**</td><td>**A**</td><td>**E**</td><td>**B**</td></tr></table> | 3,2,2,2,<br>1 |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **2.** | | | <table><tr><td>EDT<br>(*WTO*)</td><td>An Eagraíocht Dhomhanda Trádála</td></tr><tr><td>DR (*CAM*)</td><td>Déantúsaíocht Ríomhchuidithe</td></tr><tr><td>ILS (*EDI*)</td><td>Acomhal Sonraí Leictreonach/<br>Idirmhalartú Leictreonach Sonraí</td></tr><tr><td>DRC (*CAD*)</td><td>Dearadh Ríomhchuidithe</td></tr><tr><td>DIA (*JIT*)</td><td>Díreach in am</td></tr></table> | 3,2,2,2,1 |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **3.** | | | **(i) Mínigh an téarma saincheadú.**<br>Is éard is saincheadú ann nuair a aontaíonn úinéir gnó (saincheadúnóir) gnó eile a ligean ar cíos (saincheadúnaí) ag ceadú dóibh **úsáid a bhaint as a ainm, a lógó agus a smaoineamh gnó** mar chúiteamh ar tháille agus céatadán den bhrabús.<br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste amháin a bhaineann le saincheadúnas mar rogha i gcás gnólacht nuathionscanta.** | 4m<br><br><br><br>3+3 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Riosca Níos Lú/Samhail Ghnó Chruthaithe/ Bíodh bonn custaiméirí agat cheana féin a mbíonn díolacháin ráthaithe mar thoradh air:**<br>Foirmle atá déanta a thriail agus a thástáil - riosca laghdaithe. Is rud rathúil é gnó seanbhunaithe/ainm seanbhunaithe/branda seanbhunaithe a bhfuil éirí leis a cheannach agus cuntas teiste ag dul leis/riosca níos ísle go dteipfidh air sa mhargadh/tá an smaoineamh gnó rathúil cheana féin.<br>**Rochtain a bheith agat ar thaithí agus ar chórais an tsaincheadúnóra:**<br>Is féidir leis an bhfiontraí foghlaim ón saincheadúnóir agus ó shaincheadúnaithe eile leas a bhaint as cur chuige aonfhoirmeach.<br>**Margaíocht/Urraíocht/feachtais ar na meáin náisiúnta:**<br>Féadfaidh úinéir an tsaincheadúnais urraíocht a dhéanamh ar imeacht/foireann náisiúnta. Gineann/Cruthaíonn sé sin poiblíocht don bhranda. Mar shampla Pat McDonagh ag déanamh urraíochta ar fhoirne CLG na Gaillimhe, leis sin déantar poiblíocht do gach Supermac.<br>**Barainneachtaí Scála:**<br>Costas íseal/láraithe/cumhacht ceannaigh grúpa/ ráta lascaine builc/barainneachtaí scála<br>**Oiliúint agus tacaíocht bhainistíochta á soláthar ag an saincheadúnóir.**<br>**Aitheantas branda/ is féidir an t-ainm nó an lógó atá seanbhunaithe cheana féin a úsáid.**<br>**Roinntear nuálaíocht táirgí. Cuid d'eagraíocht níos mó e.g. leas a bhaint as láithreacht náisiúnta/idirnáisiúnta.** | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **4.** | | | Cuir ciorcal thart ar **an rogha cheart i ngach ceann** de na ráitis seo a leanas.<br>**(i)** Má bhíonn barrachas polasaí níos mó ann beidh préimh an árachais **níos ísle** dá thoradh.<br>**(ii)** **Measúnóir** a thugtar ar an duine a ríomhann méid an chúitimh a íocfar le héilitheoir.<br>**(iii)** Ciallaíonn **slánaíocht** nach féidir brabús a dhéanamh ar éileamh árachais.<br>**(iv)** Tagann **méadú** ar an bpréimh mar thoradh ar ualú ar pholasaí árachais.<br>**(v)** Tugtar **seachaíocht** ar an bprionsabal a bhíonn in úsáid ag cuideachta árachais a dhéanann iarracht ar aon chaillteanais a fháil ar ais in aghaidh tríú páirtí. | 3,2,2,2,1 |

| Freagraí Féideartha | | | | Uas. Marc | |
|---|---|---|---|---|---|
| 5. | | Míniúchán | | Gníomhaireacht Stáit | |
| | | Tugann an ghníomhaireacht stáit seo cúnamh d'fhiontraithe áitiúla chun gnó a bhunú agus a chur chun cinn. | | **Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ)** | **3m** |
| | | Tugann an ghníomhaireacht stáit seo cúnamh do ghnólachtaí dúchasacha chun forbairt a dhéanamh. | | **Fiontraíocht Éireann (FÉ)** | **3m** |
| | | Tacaíonn an ghníomhaireacht stáit seo le tionscal na turasóireachta agus oibríonn sí ar mhaithe le hÉirinn a chur chun cinn mar ionad turasóireachta. | | **Glac le - Fáilte Ireland nó Tourism Ireland/Bord Fáilte** | **2m** |
| | | Tá sé mar aidhm ag an ngníomhaireacht stáit seo infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh go hÉirinn. | | **An tÚdarás/An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (IDA)** | **2m** |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| 6. | | (i) | **Mínigh an téarma iompórtálacha dofheicthe.**<br>Tagraíonn iompórtálacha dofheicthe do **sheirbhísí** a cheannaíonn tomhaltóirí/gnóthais Éireannacha ó ghnólachtaí **eachtracha**. Sreabhann airgead amach as Éirinn nuair a iompórtáiltear seirbhísí. | 3m + 2m |
| | | (ii) | **Tabhair breac-chuntas ar an tionchar a bhíonn ag laghdú ar iompórtálacha dofheicthe ar Chomhardú na nÍocaíochtaí.**<br>Mar thoradh ar laghdú ar iompórtálacha dofheicthe bíonn **níos lú airgid ag fágáil an gheilleagair** Féadfaidh tionchar dearfach a bheith aige sin ar Chothromaíocht na n-íocaíochta/ar Chomhardú na n-íocaíochtaí. i.e. d'fhéadfadh laghdú ar iompórtálacha dofheicthe cuidiú le **comhardú na n-íocaíochtaí a bhaint amach/a mhéadú** nó d'fhéadfadh sé cabhrú le heasnamh i gcomhardú na n-íocaíochtaí a laghdú. | 3m + 2m |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| 7. | | | **Déan idirdhealú idir an slabhra ceannais agus an réise rialúcháin.**<br>Is é an slabhra ceannais **an líne/cosán** ar a ndéantar orduithe agus treoracha agus cinntí a rith ó bhun go barr an ordlathais. Is é an **bealach a gcuirtear aiseolas in iúl.** Cruthaíonn sé **an chumarsáid laistigh** den ghnó.<br><br>Is ionann an réise rialúcháin agus **líon na ndaoine** a **thuairiscíonn go díreach chuig bainisteoir/maoirseoir/oifigeach** in eagraíocht. Is féidir leis an réise rialúcháin a bheith leathan nó caol ag brath ar an gcineál oibre, taithí/cáilíocht an bhainisteora, taithí na mball foirne agus leibhéal na scile atá riachtanach. | 10<br><br>5m + 5m<br><br>(3 + 2) |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| 8. | | (i)<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>(ii) | **Ríomh an Toradh ar Infheistíocht (TAI) d'úinéirí Thíleanna agus Folcadáin Ghalánta Teo.do 2020.**<br><br>(Taispeáin d'fhoirmle agus do chuid oibre.)<br><br>$\frac{\textbf{Glanbhrabús}}{\textbf{Caipiteal in úsáid}} \times \frac{\textbf{100}}{\textbf{1}}$ ❶<br><br>$\frac{72{,}000 ❶}{450{,}000 ❶ + 100{,}000 ❶ + 26{,}000 ❶} \times \frac{100}{1}$<br><br>$\frac{72{,}000}{576{,}000} \times \frac{100}{1} = 12.5\%$ ❶<br><br>**Déan anailís ar an tábhacht a bhaineann leis an athrú ar an Toradh ar Infheistíocht (TAI) a bhí ag Tíleanna agus Folcadáin Ghalánta Teo.**<br>**Níos éasca Infheisteoirí a mhealladh**<br>Is dóichí go gcuirfidh infheisteoirí ionchasacha caipiteal ar fáil nuair a fheiceann siad go bhfuil feabhas tagtha ar an toradh ar infheistíocht ó bhliain go chéile.<br>**Acmhainneacht chun leathnú a mhaoiniú**<br>De réir mar a fheabhsaíonn an toradh ar infheistíocht is féidir leis an ngnó rogha a dhéanamh chun cúlchistí caipitil a thógáil is féidir a úsáid chun leathnú a mhaoiniú. Is dóichí freisin go gceadófar an gnó le haghaidh airgeadais chun leathnú a mhaoiniú.<br>**Tugann sé le fios go raibh méadú ar bhrabúsacht/cinnteoireacht ghnó éifeachtach.**<br>Léiríonn méadú ar an toradh ar infheistíocht feabhas ar ghlanbhrabús mar gheall ar dhíolacháin mhéadaithe agus nó chostais laghdaithe. Spreagfaidh sé sin an bhainistíocht sa mhéid is go bhfuil siad ag tabhairt faoin rud ceart.<br>**Éileamh pá féideartha ó fhostaithe/ó cheardchumainn** | 10<br><br><br>6@1m<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>4m<br><br>(2+2) |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **9.** | | (i) | **Déan idirdhealú idir fiontraíocht agus bainistíocht.** | 10m |
| | | | Tagraíonn fiontar **d'aon iarracht rud éigin nua a thosú** cé go dtagraíonn an bhainistíocht don chumas **chun torthaí a bhaint amach trí oibriú le daoine agus trí dhaoine.** | 3m + 3m |
| | | (ii) | **Mol sampla den fhiontraíocht i ngníomh i scoil.**<br>Bunaíonn dalta cumann fichille.<br>Cuireann múinteoir tús le foireann sacair nua do mhná etc.<br>Cuireann bainistíocht na scoile/coiste glas na scoile tús le tionscnamh nua ar nós gan aon pháipéar a úsáid gach Aoine (fótachóipeáil) etc. | 2x2m<br>(1 + 1) |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **10.** | | | **Léirigh, agus samplaí á n-úsáid agat, an ról atá ag grúpaí sainleasa i gcúrsaí gnó.** | 10 |
| | | | Is eagraíochtaí iad grúpaí sainleasa a léiríonn dearcadh, cuspóirí agus spriocanna comónta grúpa áirithe geallsealbhóirí. Tugtar brúghrúpaí nó grúpaí stocaireachta ar ghrúpaí sainleasa. Féachann grúpaí sainleasa le tionchar a imirt ar chinnteoirí trí stocaireacht, feachtais sna meáin, agóidí poiblí, baghcait agus b'fhéidir trí chaingean dlí. | 6m<br>3m + 3m |
| | | | E.G. Rinne Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (CGFÉ) stocaireacht ar an rialtas chun srianta a mhaolú ionas go bhféadfadh gnóthais athoscailt. Rinne CGFÉ stocaireacht ar rialtas na hÉireann chun deontais a sholáthar do ghnólachtaí ar gá dóibh bearta sábháilteachta a chur chun feidhme. Rinne CGFÉ stocaireacht ar an rialtas gan an t-íosphá náisiúnta a mhéadú, mar a dhéanfadh Comhdháil na gCeardchumann stocaireacht ar an rialtas chun an t-íosphá náisiúnta a mhéadú. | 4m<br>(2+2) |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **11.** | | | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a lonnaíonn cuideachtaí ilnáisiúnta in Éirinn.**<br>**Rochtain ar Mhargadh an Aontais:**<br>• Toisc go bhfuil Éire ina ball den Aontas Eorpach, baineann sí leas as saorthrádáil idir na Ballstáit go léir. Is féidir le cuideachtaí ilnáisiúnta a thagann go hÉirinn, a gcuid táirgí a mhonarú anseo in Éirinn agus rochtain a fháil ar mhargadh an Aontais gan aon taraifí/cánacha a íoc.<br>• e.g. cuideachtaí cógaisíochta amhail Pfizer a tháirgeann earraí in Éirinn agus a dháileann earraí ar an Aontas Eorpach trí chalafoirt mar Antuairp sa Bheilg.<br><br>**Lucht oibre léannta:**<br>• Tá an fórsa saothair Éireannach in Éirinn an-léannta i gcomparáid le náisiúin eile. Ligeann sé seo do chorparáidí ilnáisiúnta (CINanna) teacht ar fhórsa saothair a theastaíonn uathu. (Mar sin féin, tá ganntanas mór scileanna i réimsí ar leith amhail TF, agus bíonn ar CINanna oibrithe oilte a fhoinsiú ó áiteanna lasmuigh d'Éirinn).<br>• Mar shampla Bíonn rochtain ag cuideachtaí mar Intel agus Microsoft ar shaothar ardchaighdeáin amhail na céimithe Gnó, TF agus Innealtóireachta a theastaíonn uathu.<br><br>**Cáin Chorparáide Íseal:**<br>• Is é an ráta cánach corparáide in Éirinn 12.5% faoi láthair, atá ar cheann de na rátaí is ísle ar domhan. Ligeann sé sin do chuideachtaí a ndliteanas cánach a laghdú trí bhunú níos mó anseo in Éirinn agus níos mó dá gcuid brabús a choimeád ná an méid a choimeádfaidís ina dtíortha dúchais.<br>• E.G. e.g. Roghnaíonn cuideachtaí ar nós Apple bunú in Éirinn chun a ndliteanas cánach corparáide a íoslaghdú.<br><br>**Náisiún ina labhraítear Béarla:**<br>• Is í Éire an t-aon náisiún san Aontas anois ina labhraítear Béarla. Le haghaidh chorparáidí ilnáisiúnta (CINanna) a thagann ó na Stáit Aontaithe, tá sé i bhfad níos éasca dóibh gnó a dhéanamh ina dteanga féin.<br>• Shocraigh cuideachtaí Meiriceánacha mar PayPal a gceanncheathrú Eorpach a bhunú in Éirinn.<br><br>**Íomhá Ghlas:**<br>• Tá clú agus cáil ar Éirinn ar fud an domhain as bheith ina 'timpeallacht ghlan ghlas'. | 10m<br><br>5m + 5m<br><br>(3 +2) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | • Tarraingíonn sé sin corparáidí ilnáisiúnta (CINanna) anseo mar go bhféadann sé bheith i bhfad níos éasca dóibh táirgí a easpórtáil a rinneadh a mhonarú anseo.<br><br>**Dreasachtaí Rialtais:**<br><br>• Tugann Rialtas na hÉireann go leor dreasachtaí maithe do CINanna chun lonnú anseo in Éirinn. Tríd an nGníomhaireacht Forbartha Tionscail (IDA), is féidir le cuideachtaí ilnáisiúnta cúnamh deontais a fháil chun bunú i gcodanna áirithe den tír agus freisin tugtar rochtain dóibh ar pháirceanna gnó sainchuspóra ionas go mbíonn sé i bhfad níos éasca dóibh tosú anseo.<br>• Thug IDA Ireland dreasachtaí do chuideachtaí mar Indeed.com, eBay, Dell, etc., chun bunú in Éirinn. | |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **12.** | | | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste do gheilleagar na hÉireann atá le baint as príobháidiú.**<br><br>**Ioncam an Rialtais:**<br>Trí fhiontar stáit a dhíol tugtar suim mhór airgid don rialtas e.g. scaireanna an rialtais in Aer Lingus a dhíol. Is féidir an t-ioncam a úsáid chun bonneagar a thógáil/an fiach/fiachas náisiúnta a aisíoc.<br>**Éifeachtúlacht:**<br>Is minic a fhéachtar ar fhiontair atá faoi úinéireacht an stáit mar fhiontair atá mí-éifeachtach toisc gur féidir leo brath ar mhaoiniú rialtais agus ní bhíonn mórán iomaíochta acu. Bíonn gnólachtaí príobháideacha á dtiomáint ag spreagthacht an bhrabúis agus dá bhrí sin ba chóir iad a reáchtáil ar bhealach níos éifeachtaí.<br>**Rochtain ar Airgeadas:**<br>Tá cuideachtaí príobháidithe in ann iasachtaí agus scaireanna a fháil agus go ginearálta bíonn rochtain níos fearr acu ar fhoinsí airgeadais ná mar a bhíonn ag fiontar stáit. Fágann sé sin go bhfuil sé níos éasca leathnú a mhaoiniú, saibhreas agus fostaíocht a chruthú sa gheilleagar.<br>**Caidreamh Tionscail:**<br>Le níos mó slándála poist is dóichí go nglacfaidh fostaithe i bhfiontair stáit páirt i ngníomh tionsclaíoch chun éilimh ar phá, dálaí/coinníollacha oibre níos fearr etc. a shaothrú ná iad siúd san earnáil phríobháideach.<br>**Iomaíocht:**<br>Má dhéantar monaplacht stáit a dhíchur d'fhéadfadh iomaíocht sa mhargadh oscailte a bheith mar thoradh air agus d'fhéadfadh níos mó rogha agus praghsanna níos ísle a bheith ann do thomhaltóirí e.g. Eircom/Aer Lingus. | 10m<br><br><br>5m + 5m<br><br><br><br>(3 +2) |

## ROINN 2

## (80 marc)

## Ceist ar an nGnó Feidhmeach

## *Naíolann Mhiriam*

**(A)** Tabhair breac-chuntas, agus samplaí á n-úsáid agat, ar na cineálacha éagsúla pleanála a chuidíonn leis an rath atá ar Naíolann Mhiriam.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **(A)** | | | **<u>Plean straitéiseach</u>**<br><br>• Tagraíonn sé sin do phlean fadtéarmach ina bhfuil cuntas ar na spriocanna nó na cuspóirí a bheidh le baint amach thar thréimhse ama níos faide. Plean ina leagtar amach na spriocanna atá le baint amach thar na 5-10 bliana atá le teacht.<br>Nasc chuig an téacs:<br>**"Tá sé mar aidhm ag Miriam a bheith mar an príomhsholáthraí seirbhísí cúraim leanaí sa cheantar faoi 2030."**<br><br>**<u>Plean oirbheartaíochta</u>**<br><br>• Miondealú oirbheartaíochta an phlean straitéisigh ina spriocanna nó cuspóirí a bheidh le baint amach taobh istigh de 1-2 bhliain eile. Pleananna gearrthéarmacha.<br>Nasc chuig an téacs<br>**"In 2019 thosaigh Miriam ag déanamh taighde ar tháthcheangal a dhéanamh le hiomaitheoir."** Nó<br>**"Tar éis dhá mhí dhéag i mbun idirbheartaíochta, cheannaigh Miriam gnólacht a bhíodh in iomaíocht léi agus a raibh trí cinn de naíolanna in aice láimhe aige."**<br><br>**<u>Plean teagmhais</u>**<br><br>• Plean atá anseo i gcomhair éigeandálaí nó imeachtaí nach bhfuil aon choinne leo. Is minic a dhéantar tagairt dó mar phlean cúltaca.<br><br>**Nasc chuig an téacs:**<br>**"Phléigh siad an gá a bhí le polasaithe leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm ar fhaitíos chun an gnólacht a chosaint sa chás go ngortófaí leanbh sa naíolann."** | 30<br><br>8,8,7,7,<br><br>(3+3+2)<br><br>(2+3+2) |

**Plean oibríochtúil/feidhmiúil (this is functional in english but was used)**

- Plean é seo ina bhfuil cuntas ar na spriocanna agus cuspóirí a bheidh le baint amach ar bhonn laethúil nó seachtainiúil/míosúil.

Nasc chuig an téacs:
**"Bainistíonn Miriam an gnólacht ó lá go lá."**
Nó
**"Cuireann Miriam na príomhtheachtaireachtaí go léir in iúl ag na cruinnithe foirne gach seachtain."**

**Ráiteas misin**

- Cáipéis físe fhoriomlán do ghnóthas atá anseo. Cé muid? Cé na luachanna atá againn? Ár gcuid oibre

Nasc chuig an téacs:
**"Tá sé mar fhís ag an ngnólacht an timpeallacht a sholáthar ina bhféadfaidh gach leanbh a chumas nó a cumas iomlán a bhaint amach in éineacht le foireann chairdiúil, ghairmiúil."**
nó
**"Soláthraíonn naíolann Mhiriam seirbhísí cúraim leanaí do leanaí idir trí mhí agus dhá bhliain déag d'aois."**

**Pleanáil Daonchumhachta**

- Is éard atá i gceist le pleanáil Acmhainní Daonna (AD) riachtanais foirne na heagraíochta a aithint.
- Baineann sé leis na daoine cearta a bheith agat, leis na scileanna cearta ag an am ceart. Féadann pleanáil AD riachtanais foirne sa todhchaí a aithint agus earcaíocht a bheith mar thoradh air.

Nasc chuig an téacs:
**"Leagann sí béim ar fhoireann den scoth a earcú agus a choinneáil."**

**Buiséadú/Pleanáil Airgeadais**
Spriocanna a leagan síos maidir le hioncam (ioncam ó dhíolacháin) agus caiteachas.
**Sular bhunaigh sí an gnólacht, is beag taithí a bhí ag Miriam ar bhuiséadú, ar árachas ná ar chúrsaí cánach.**

**D'fhostaigh Miriam cuntasóir áitiúil lena chinntiú go n-íocfadh an chuideachta an cháin chuí ar a brabús.**

| Ceist | | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|---|
| (B) | | | | **(i) Pléigh, agus tagairt agat don téacs, na cineálacha árachais ghnó a mholfá do Naíolann Mhiriam.**<br><br>**Árachas Dliteanais Poiblí:**<br><br>Cosnaíonn árachas dliteanais phoiblí an gnó i gcoinne caillteanas airgeadais mar thoradh ar éilimh a dhéanann baill den phobal mar thomhaltóirí atá gortaithe nó gortaithe san áitreabh gnó.<br><br>**LTT "Phléigh siad an gá a bhí le polasaithe leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm ar fhaitíos chun an gnólacht a chosaint sa chás go ngortófaí leanbh sa naíolann."**<br><br>**Árachas Dliteanais Fostóra:**<br><br>Clúdaíonn árachas dliteanais fostóra an gnólacht in aghaidh caillteanas airgeadais a eascraíonn as éilimh a dhéanann fostaithe de bharr timpistí a tharla san ionad oibre.<br><br>**LTT "Ag an gcruinniú, tarraingíodh aird freisin ar an ngá a bhí le clúdach a bheith i bhfeidhm in aghaidh an riosca go mbeadh caillteanas airgeadais ann dá ndéanfadh ball foirne éileamh ar chúiteamh ar ghortú."**<br><br>**Árachas Áitreabh/Foirgneamh agus árachas ábhair:**<br><br>Cuireann an t-árachas seo cosaint ar fáil ar chaillteanais agus ar dhamáiste a dhéantar do struchtúr an fhoirgnimh de bharr tine, tuile nó stoirme. Ba cheart a áirithiú go bhfuil aláram deataigh feistithe ann agus go bhfuil go leor múchtóirí dóiteáin san áitreabh.<br>Tugann sé seo cosaint don ghnó i gcoinne aon chaillteanais nó damáiste do stoc, amhábhair, comhpháirteanna etc. a tharla de dheasca buirgléireachta, tine nó tuile.<br><br>**LTT "Cheannaigh Miriam gnólacht a bhíodh in iomaíocht léi agus a raibh trí cinn de naíolanna in aice láimhe aige."**<br>Nó**"Bhunaigh Miriam Ní Bhróithe Naíolann agus Cúram Leanaí Mhiriam Teo. sa bhliain 2017."** | 30<br><br>3@6(2+2+2) |

**Árachas mótair:**
Cineál éigeantach árachais nach mór a íoc de réir an dlí má tá an gnóthas nó an duine aonair ina n-úinéir mótarfheithicle. Cosnaíonn sé an gnóthas ar chaillteanas airgeadais mar thoradh ar thionóisc gluaisteáin.
Áirítear le trí chineál árachais gluaisteáin: árachas tríú páirtí, árachas tríú páirtí ó tine agus ó ghadaíocht, agus árachas lánchuimsitheach.

**LTT: "Cuireann an naíolann seirbhís bus ar fáil do leanaí bunscoile chuig an tseirbhís 'iarscoile' agus ar ais."**
nó
**"Tá lógó na cuideachta ar an mbus."**

**(ii) Déan cur síos ar dhá chineál cánach a d'fhéadfadh Naíolann Mhiriam a íoc.**

**Cáin Chorparáide:**

- Seo cáin ar na brabúis a dhéanann cuideachta.
- Is ionann an ráta cánach corparáide ar bhrabúis cuideachtaí agus 12.5% in Éirinn.

**LTT "D'fhostaigh Miriam cuntasóir áitiúil lena chinntiú go n-íocfadh an chuideachta an cháin chuí ar a brabús."**

**Cáin Mhótair:**
- Is cánachas é seo ar aon fheithicil ar le gnó í.
- Tá cáin mhótair éigeantach de réir dlí.

**LTT: "Cuireann an naíolann seirbhís bus ar fáil do leanaí bunscoile chuig an tseirbhís 'iarscoile' agus ar ais."**
Nó
**"Tá lógó na cuideachta ar an mbus."**

**Rátaí Tráchtála:**
- Is éard atá i rátaí tráchtála ná cáin réadmhaoine áitiúil ar Mhaoin Tráchtála agus téann an t-ioncam a bhailítear chun costas na seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle Contae áitiúil a íoc. Tá rátaí iníoctha ar mhaoin tráchtála, mar shiopaí, oifigí, monarchana, áitribh cheadúnaithe agus réadmhaoin gnó eile.
- Tá soláthraithe cúraim leanaí áirithe díolmhaithe ó rátaí tráchtála a íoc.

**LTT "Mar úinéir gnólachta, áfach, bhí uirthi eolas a chur ar íocaíochtaí nua amhail rátaí tráchtála."**

**Cáin Bhreisluacha**

**(C)** Déan measúnú ar an ngné den mheascadh margaíochta do Naíolann Mhiriam a bhaineann le **praghas** agus **cur chun cinn**.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **(C)** | | | **Praghas:**<br>• Is féidir leis an ngnó roghnú as straitéisí ardphraghais; (amhail praghsáil phréimhe/bhísigh nó bearradh praghsanna/praghas scimeála), straitéisí ar phraghas íseal mar; (praghsáil fódaithe nó praghsáil chreiche).<br>• Is éard atá i ngné praghsála an mheascáin mhargaíochta smaoineamh faoin ngnó; praghsanna iomaitheoirí, staid an gheilleagair, ioncam indiúscartha an spriocmhargaidh agus costas táirgthe an táirge/na seirbhíse.<br>**LTT "Gearrann Miriam táille níos airde ná aon cheann dá cuid iomaitheoirí sa cheantar."**<br><br>**Measúnú 1**<br>**Cur chun cinn:**<br>• Tagraíonn cur chun cinn do na modhanna go leor a úsáideann gnóthas chun feasacht a chruthú faoin mbranda/faoin tseirbhís.<br><br>• D'fhéadfadh go mbeadh fógraíocht, tionscnamh díolacháin, caidreamh poiblí nó díolachán díreach i gceist leis.<br>• Braitheann na modhanna cur chun cinn a úsáidtear ar an gcineál táirge, an buiséad atá ar fáil, áit i dtimthriall an táirge.<br><br>**LTT: "Gach bliain, déanann Miriam urraíocht ar fheisteas spóirt d'fhoirne spóirt faoi aois sa cheantar áitiúil."**<br>nó<br>**"Is dóigh léi go bhfuil urraíocht agus feachtas gníomhach sna meáin shóisialta níos éifeachtaí ná íoc as fógraí."**<br>nó<br>**"Nuair a dhéanann Miriam urraíocht ar fhoirne, éilíonn sí go mbeadh a lógó le feiceáil ar fheisteas na foirne agus go n-eagródh an fhoireann seisiún grianghrafadóireachta le nuachtáin áitiúla."**<br>nó<br>**"Tá lógó na cuideachta ar an mbus."**<br>**Measúnú** | 20<br><br>2 x 10m<br><br>3m<br><br>3m<br><br>+2m<br><br>Meastóireacht 2m |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Féadfaidh iarrthóirí meastóireacht fhoriomlán amháin ar fiú 4m iad a dhéanamh ag an deireadh. Teastaíonn meastóireacht ar na gnéithe maidir le praghas agus cur chun cinn araon. | |

**Roinn 3**
**(180 marc)**

**(A) Mínigh, agus úsáid á baint agat as samplaí nuair is cuí, trí ghné bhunriachtanacha a bhaineann le conradh bailí.**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | (A) | (i) | **Tairiscint**<br>Gealltanas ón duine a dhéanann an tairiscint a bheith faoi cheangal ag an tairiscint ar choinníoll go nglactar le téarmaí na tairisceana. Is féidir an tairiscint a dhéanamh ó bhéal, i scríbhinn nó trí iompar agus is comhartha soiléir é ar thoilteanas an tairgeora comhaontú a dhéanamh faoi théarmaí sonraithe.<br>**Sampla riachtanach le haghaidh marcanna iomlána. Glacadh**<br>Caithfidh an dara páirtí aontú le téarmaí na tairisceana mar atá sé. Caithfidh an glacadh a bheith soiléir, iomlán agus neamhchoinníollach.<br>**Sampla riachtanach le haghaidh marcanna iomlána. Comhaontú**<br>Le go mbeidh comhaontú ann ní mór tairiscint shoiléir, iomlán agus neamhchoinníollach a bheith ann agus go nglacfaidh páirtí eile leis an tairiscint sin<br>**Sampla riachtanach le haghaidh marcanna iomlána. Cumas conraithe/Inniúlacht conraithe**<br>Tá sé de cheart dlíthiúil (ábalta) (in ann) ag gach duine nádúrtha (daoine daonna) agus daoine dlítheanacha/corparáideacha, amhail chuideachtaí conradh a dhéanamh go saor.<br>**Sampla riachtanach le haghaidh marcanna iomlána**<br>De ghnáth ní bhíonn an cumas ag na daoine seo a leanas conradh a dhéanamh: -Naíonáin (iad siúd faoi 18 mbliana d'aois) ach amháin i gcásanna áirithe e.g. riachtanais - Daoine faoi thionchar dí nó drugaí - gealta - Daoine féimheacha - Taidhleoirí. – Cuideachtaí atá ag feidhmiú lasmuigh dá gcumhachtaí/ Ultra Vires.<br>**Breithniú/comaoin**<br>Tagraíonn sé seo do mhalartú luacha i gconradh. Caithfidh gach páirtí i gconradh rud a bhfuil luach air a thabhairt don pháirtí eile. Fad a bheidh breithniú ann, ní cheisteoidh cúirt dlí a leordhóthanacht, ar an gcoinníoll go bhfuil luach éigin léi. De ghnáth is íocaíocht airgeadaíochta í an bhreithniú, ach d'fhéadfadh sé gur rud luachmhar é a mhalartú mar chuid den chonradh.<br>**Sampla riachtanach le haghaidh marcanna iomlána.**<br>**Dlíthiúlacht foirme**<br>Caithfear conarthaí áirithe, a mheastar a bheith dlíthiúil, a dhréachtú ar bhealach ar leith Caithfidh roinnt conarthaí a bheith i scríbhinn má tá siad le bheith bailí ó thaobh dlí.<br>**Sampla riachtanach le haghaidh marcanna iomlána.**<br>**Toiliú le conrú** | 20<br>7 +7<br>(2 + 3 + 2)<br><br>+ 6<br>(2 + 2 + 2) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Caithfidh an dá pháirtí dul isteach sa chonradh ar a saorthoil féin.<br>Caithfidh siad aontú leis an gconradh gan tionchar míchuí. Mura bhfuil aon rogha ann, níl aon toiliú ann.<br>Caithfidh toiliú a bheith macánta<br>agus deonach.<br>**Sampla riachtanach le haghaidh marcanna iomlána.**<br>**Rún Conraithe**<br>Caithfidh an dá pháirtí sa chonradh a bheith ar an eolas go bhfuil siad ag déanamh comhaontú atá ceangailteach ó thaobh dlí a d'fhéadfadh iad a fheiceáil sa chúirt má mhainníonn siad a taobh den chomhaontú a choinneáil. I gcás socruithe baile agus sóisialta níl aon rún ann conradh atá ceangailteach ó thaobh dlí a chruthú.<br>**Sampla riachtanach le haghaidh marcanna iomlána.**<br>**Dlíthiúlacht Cuspóra**<br>Ní mór rún an chonartha a bheith ag cloí go hiomlán le gach dlí.<br>**Sampla riachtanach le haghaidh marcanna iomlána** | |

**(B) Déan measúnú ar ról an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT).**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | (B) | | **Cuireann sé an tomhaltóir ar an eolas:**<br>Soláthraíonn CICT faisnéis do thomhaltóirí faoina gcearta maidir le ceannach earraí agus seirbhísí, chomh maith le seirbhísí airgeadais. Soláthraíonn siad suíomh gréasáin, líne chabhrach, suíomh meán sóisialta agus bíonn siad i mbun fógraíochta raidió agus teilifíse. Cuireann siad nuachtlitir ar fáil freisin trí sheirbhís síntiúis ar a suíomh gréasáin.<br><br>**Cuireann siad dlí na dtomhaltóirí i bhfeidhm:**<br>Is é CICT an comhlacht reachtúil atá freagrach as dlíthe na dtomhaltóirí uile a fhorfheidhmiú. Eisíonn siad fógraí comhlíonta, fíneálacha ar an láthair, fógraí toirmisc agus soláthraíonn siad Liosta Cosanta Tomhaltóirí de gach gnóthas a sháraigh dlí na dtomhaltóirí.<br><br>**Comhairle a thabhairt don Rialtas:**<br>Tugann CICT comhairle don Rialtas ar shaincheisteanna tomhaltóirí agus tugann siad moltaí sa chás go bhféadfadh cosaint bhreise a bheith ag teastáil ó thomhaltóirí trí reachtaíocht.<br><br>**Taighde a Dhéanamh:**<br>Déanann CICT taighde ar iompar tomhaltóirí. Déanann siad é sin d'fhonn comhairle a thabhairt do thomhaltóirí maidir le conas is féidir leo nósanna a athrú agus airgead a shábháil nó luach níos fearr ar airgead a fháil, e.g. soláthróir leictreachais a athrú.<br><br>**Oideachas a chur ar thomhaltóirí:**<br>Tá go leor uirlisí ar shuíomh gréasáin CICT do thomhaltóirí lena n-úsáid chun cinntí níos eolasaí a dhéanamh. Ina measc sin tá áireamháin airgeadais, comparáidí costais le haghaidh seirbhísí airgeadais éagsúla, tráth na gceist idirghníomhacha etc.<br><br>**Déanann sé Monatóireacht ar Chumaisc agus ar Éadálacha:**<br>Chun iomaíocht chóir a chinntiú sa mhargadh do thomhaltóirí, déanann CICT monatóireacht ar gach cumasc agus éadáil in Éirinn. Déantar é sin chun a chinntiú nach bhfuil aon ghnólachtaí ceannasacha i margaí áirithe.<br><br>**Measúnú ag teastáil.** | 20<br><br>3 x 6m<br><br>(3+3)<br><br>Measúnú 2m |

**(C) Tabhair breac-chuntas ar thrí chineál cúitimh atá ar fáil d'fhostaithe a dífhostaíodh go héagórach faoin Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977/2015.**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | (C) | | **Athchur/Ath-insealbhú**<br><br>Ciallaíonn sé sin go gcaitear leat amhail is nár briseadh as do phost riamh tú. Le hathchur bíonn tú i dteideal aisíocaíocht a fháil ar thuilleamh a cailleadh idir dáta an dífhostaithe agus dáta na héisteachta, agus freisin ar aon athruithe fabhracha i dtéarmaí na fostaíochta le linn na tréimhse sin, mar arduithe pá. Is annamh a úsáidtear an leigheas sin.<br><br>**Athbhunú**<br><br>Ciallaíonn athbhunú go dtabharfar do phost ar ais duit ach ó dháta áirithe, amhail dáta an chinnidh ar do shon. Ciallaíonn sé sin nach mbeidh tú i dteideal cúitimh as aon chaillteanas tuillimh. Go minic úsáidtear an leigheas sin nuair a bhraitheann an moltóir gur chuidigh an fostaí leis an dífhostú, cé go raibh an dífhostú éagórach. Is annamh a úsáidtear an leigheas sin.<br><br>**Cúiteamh**<br><br>Is é seo an leigheas is coitianta - nuair a bhronntar cúiteamh i leith caillteanais airgeadais amháin.<br><br>De ghnáth, is é pá 2 bhliain an t-uaschúiteamh. Má briseadh as do phost tú as nochtadh cosanta a dhéanamh, is é 5 bliana an t-uasmhéid pá. Ní féidir leat aon chúiteamh a éileamh as nithe mar dhochar do chuid mothúchán nó strus de bharr an dífhostaithe. | 20<br><br>7m +7m + 6m<br>(3 +2+2)<br>(2+2+2) |

**Ceist 2**

**(A) Léirigh an tionchar atá ag na hathróga eacnamaíochta seo a leanas ar ghnólachtaí Éireannacha.**

**Rátaí úis** **Rátaí boilscithe** **Fostaíocht**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| 2 | (A) | | **Léirigh an tionchar atá ag na hathróga eacnamaíochta seo a leanas ar ghnólachtaí Éireannacha.**<br><br>**Rátaí úis**<br>Tagraíonn sé sin don chostas a bhaineann le caipiteal a fháil ar iasacht. An t-ús a ghearrtar ar iasachtaí/iasachtaí ó institiúidí airgeadais.<br>E.G. Mar thoradh ar laghdú ar rátaí úis bíonn níos mó iasachtaíochta ann ó thomhaltóirí. Úsáidfidh tomhaltóirí airgeadas a fuarthas ar iasacht chun íoc as tithe, gluaisteáin, troscán etc. Bíonn tionchar dearfach aige sin ar ghnólachtaí na hÉireann de réir mar a mhéadaíonn díolacháin.<br><br>**Rátaí boilscithe**<br>Tagraíonn sé sin d'ardú ar mheánleibhéal praghsanna ó thréimhse amháin go tréimhse eile.<br>Má tá boilsciú íseal, i.e. tá méaduithe praghais an-íseal, tá tionchar dearfach aige seo ar chostais ghnó. Ní thiocfaidh méadú mór ar chostas na gcostas reatha, na n-amhábhar etc.<br><br>**Fostaíocht**<br>Tagraíonn sé sin don chéatadán den lucht saothair atá i mbun fostaíochta le pá.<br><br>Bíonn tionchar diúltach ag laghdú ar na leibhéil fostaíochta ar ghnólachtaí na hÉireann. Nuair a bhíonn níos lú ioncaim ag na daoine/an lucht saothair, laghdaíonn caiteachas tomhaltóirí. Laghdaíonn sé sin díolacháin i ngnólachtaí na hÉireann dá bharr. | 20m<br><br>2 x 7m<br><br>1 x 6m |

**(B) Seachas cáin, pléigh na bealaí éagsúla a dtéann Rialtas na hÉireann i gcion ar an lucht saothair in Éirinn.**

<table>
<tr><th colspan="3">Ceist</th><th>Freagraí Féideartha</th><th>Uas. Marc</th></tr>
<tr><td>2</td><td>(B)</td><td></td><td>Mar fhostóir/Caiteachas reatha méadaithe ar phá/leas sóisialta na hearnála poiblí:<ul><li>Mar thoradh ar chomhaontuithe pá náisiúnta d'oibrithe san earnáil phoiblí lena mbaineann na comhpháirtithe sóisialta, bheadh éifeacht seachtháirge ann do ghnólachtaí mar go mbeadh ioncam indiúscartha níos mó ag oibrithe na hearnála poiblí.</li><li>Mhéadódh méaduithe ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh cumhacht caiteachais cuid den daonra.</li><li>Mar shampla Dá ndéanfadh rialtas na hÉireann pá agus dreasachtaí do mhúinteoirí/altraí etc. a athbhunú nó a mhéadú, mhéadófaí leis sin ioncam indiúscartha fhostaithe na hearnála poiblí.</li></ul>Caiteachas caipitil a mhéadú :<ul><li>D'fhéadfadh an rialtas caiteachas caipitil ar bhonneagar, scoileanna, ospidéil etc. a mhéadú.</li><li>Chruthódh sé sin poist don lucht saothair</li><li>Mar shampla, cruthaíonn tógáil scoileanna nua nó an t-ospidéal nua leanaí deiseanna fostaíochta don lucht saothair.</li></ul>.<br>Infheistíonn an Rialtas san Oideachas agus san Oiliúint:<ul><li>Infheistíonn an rialtas in oideachas 3ú leibhéal. Tá gach mac léinn in Éirinn díolmhaithe ó tháillí teagaisc. Cinntíonn sé seo soláthar seasta de lucht saothair atá ardoilte.</li><li>Le hoiliúint a chuirtear ar fáil trí eagraíochtaí mar SOLAS, tugtar an deis do dhaoine atá dífhostaithe uasoiliúint a dhéanamh agus cuidíonn sin le daoine atá dífhostaithe dul isteach sa lucht saothair arís.</li></ul>Deontais Rialtais/Tacaíocht don Lucht Oibre le linn Covid 19<ul><li>Mar thoradh ar thacaíochtaí Rialtais amhail íocaíochtaí leasa shóisialaigh d'fhostaithe a raibh tionchar ag Covid 19 orthu, tá ioncam indiúscartha ag an lucht saothair/coinníonn siad a n-ioncaim.</li><li>Thairg an rialtas tacaíochtaí airgeadais (tacaíonn gnóthais le hiasachtaí ó €25,000 suas go dtí €1.5 milliún le huasráta úis 4%.) do ghnólachtaí a ndeachaigh Covid 19 i bhfeidhm orthu.</li></ul>Reachtaíocht<br>Pá Íosta</td><td>20<br><br>2 x 7m<br>(4+3)<br><br>1 x 6m<br>(3+3)</td></tr>
</table>

**(C) (i) Mínigh an téarma 'forbairt pobail'.**

**(ii) Déan cur síos ar na buntáistí eacnamaíocha agus sóisialta a bhaineann le forbairt pobail.**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **2** | **(C)** | **(i)** | Tagraíonn forbairt pobail d'fheabhsú na gceantar áitiúil agus na bpobal áitiúil **go sóisialta agus go heacnamaíoch** trí **iarrachtaí saoránach agus cónaitheoirí áitiúla.**<br>Baineann forbairt pobail le **féinchabhair/spiorad na fiontraíochta** seachas a bheith ag brath ar an rialtas nó ar ghníomhaireachtaí seachtracha chun cabhrú leo forbairt a dhéanamh. Is í aidhm na forbartha pobail an bonneagar sóisialta agus eacnamaíoch áitiúil a fheabhsú<br>Nó<br>Iarracht dheonach nó ghairmiúil chun tacú le gníomhaíocht shóisialta agus eacnamaíoch an phobail áitiúil agus chun í a fhorbairt chun leasa an phobail | 20<br><br>6m<br>(3 + 3) |
| | | (ii) | **Cruthaíonn sé fostaíocht agus ar an gcaoi sin méadaíonn sé caiteachas sa gheilleagar áitiúil**<br>• D'fhéadfaí fiontair nua a bhunú chun fostaíocht a sholáthar sna ceantair áitiúla agus ar an gcaoi sin a ngeilleagar áitiúil a fhorbairt.<br>• Féadann na fiontair agus na tionscnaimh nua poist a chruthú don cheantar.<br><br>**Poist sheachthairbhe e.g. iompar, oideachas**<br><br>• Tugann bunú tionscnamh pobail agus fiontar gnó i bpobal áitiúil méadú láithreach ar leibhéil na fostaíochta dírí agus indírí.<br>• Mar thoradh ar an bhfostaíocht nua sin tá méadú ar an éileamh ar earraí agus seirbhísí sa cheantar. e.g. iompar, oideachas, siamsaíocht etc. Is é an éifeacht seachtháirge atá ag Forbairt Pobail ná díolacháin a mhéadú do ghnólachtaí eile sa cheantar.<br><br>**Cuireann sé cultúr fiontraíochta chun cinn/spreagann sé smaointe nua/gnólachtaí nua sa phobal**<br>• Féadann tionscnaimh Forbartha Pobail baill eile den phobal a spreagadh chun smaointe a shaothrú.<br>• D'fhéadfadh níos mó tionscnamh nua nó gnólachtaí nua a bhunú amach anseo mar thoradh air sin. D'fhéadfadh cultúr nó glúin de dhaoine dul sa tseans agus fiontair nua a chur ar bun dá bharr. | 14<br><br>2@7m<br>(4m+3m) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Cruthaíonn sé muinín/spiorad an phobail sa phobal/fás agus rath sa cheantar áitiúil. Déanann sé an pobal áitiúil a chumhacht¥ agus gineann sé bród sa phobal**<br><br>• Saibhríonn comhoibriú agus rannpháirtíocht gach ball den phobal sa phróiseas forbartha daoine ar bhonn pearsanta, cruthaíonn sé muinín ina gcumas chun difear a dhéanamh agus cuireann sé le spiorad an phobail sa cheantar.<br>• Caithfear an t-airgead a thuilleann fostaithe sa cheantar sa cheantar. Tógfar tithe do na teaghlaigh a bhfuil baint acu leis an bhfiontar, beidh daoine óga in ann slí bheatha a bhaint amach ina bpobal féin. Tabharfar an deis do dhaoine eile athoiliúint a dhéanamh.<br><br>**Feabhas ar Spiorad an phobail/ar an gCreatlach shóisialta:**<br>• Mar go mbíonn an pobal ag oibriú le chéile, forbraítear caidrimh agus feabhsaítear an t-atmaisféar mar go bhfuil cónaitheoirí bródúil as an áit.<br>• Is iad leasanna áitiúla a chuireann tionscadail chun cinn.<br>• Tugann na tionscadail sin an cumas chun idirghníomhú sóisialta a dhéanamh'<br><br>**Stoptar meathlú an daonra leis/bíonn atógáil tuaithe i gceist leis/rathúnas**<br>• D'fhéadfaí daoine a spreagadh chun fanacht i gceantar má tá áiseanna ar fáil agus má chuirtear deiseanna ar fáil chun obair agus chun taitneamh a bhaint as am fóillíochta. Tagann rath ar phobail áitiúla.<br><br>**Deiseanna sóisialta**<br>• Cuireann áis áitiúil ar bith lena gcuirtear spás ar fáil do dhaoine bualadh lena gcairde le creatlach shóisialta an cheantair mar go mothaíonn siad gur leo an áit agus mar go gcothaítear bród as an gceantar. | |

**Ceist 3**

**(A) Tabhair breac-chuntas, agus samplaí á n-úsáid agat, ar na bacainní ar an tsaorthrádáil a úsáideann roinnt tíortha.**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **3** | **(A)** | | **Cuóta:**<br><br>is ionann é agus srian/teorainn fhisiciúil ar líon na n-aonad earra is féidir a iompórtáil/a easpórtáil. Cuireann cuótaí in aghaidh iompórtálacha agus/nó spreagann siad díolachán earraí a tháirgtear sa bhaile.<br><br>Sampla: Tá an tAontas Eorpach tar éis cuóta a chur ar an méid éadaí ón tSín is féidir a iompórtáil isteach san AE.<br><br>**Taraif:**<br><br>is cáin í seo ar luach/praghas na n-earraí a iompórtáiltear. Mar thoradh air sin, beidh iompórtálacha níos costasaí agus ní bheidh siad chomh hiomaíoch ar an margadh baile.<br><br>Sampla: Cáin, dleacht nó taraif ar mhairteoil na Nua-Shéalainne.<br><br>**Lánchosc:** Is toirmeasc iomlán é sin ar iompórtáil earraí ó thír amháin ar leith. Is minic a dhéantar é ar chúiseanna polaitiúla.<br><br>Sampla: Chuir rialtas Mheiriceá lánchosc ar easpórtáil mairteola na RA mar gheall ar na leibhéil arda einceifealapaite spúinseach bólachta (ESB) sa RA.<br><br>**Fóirdheontais:**<br><br>Is deontais agus íocaíochtaí iad sin a dhéanann rialtais náisiúnta le gnólachtaí baile chun cabhrú leo lena gcostais oibriúcháin ó lá go lá ag ligean dóibh a bheith níos iomaíche/chun buntáiste praghais a thabhairt dóibh ar iompórtálacha.<br><br>Sampla: Thug an tAontas Eorpach fóirdheontas do thalmhaíocht agus do mhonarú aerárthaí san am atá thart chun iad a chosaint ar iomaíocht iomaíoch neamh-AE.<br><br>**Rialacháin riaracháin:**<br><br>Amhail moilleanna custaim, páipéarachas iomarcach atá saincheaptha chun iompórtálacha a eisiamh. | 2 x 7m<br>(2+3+2)<br><br>1 x 6m<br>(2+2+2) |

**(B) (i)** Mínigh an téarma **domhandú**.

**(ii) Déan anailís ar an mbealach a bhfuil tionchar ag athruithe ar an ngeilleagar idirnáisiúnta ar chúrsaí gnó in Éirinn.**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **3** | **(B)** | (i) | Tagraíonn **domhandú** do ghnóthais a chaitheann leis an domhan mar mhargadh amháin. Is ionann an domhandú agus an próiseas trína bhfuil an domhan ag éirí níos idirnasctha mar thoradh ar mhalartú trádála agus cultúrtha atá méadaithe as cuimse. Leis an domhandú méadaíodh táirgeadh earraí agus seirbhísí. Ní gnólachtaí náisiúnta iad na cuideachtaí is mó a thuilleadh ach corparáidí ilnáisiúnta le fochuideachtaí i gcuid mhór tíortha | 5m |
| | | (ii) | **Déan anailís ar an mbealach a bhfuil tionchar ag na hathruithe ar an ngeilleagar idirnáisiúnta ar ghnólachtaí in Éirinn.**<br><br>**1. Luaineachtaí airgeadra:**<br><br>Tá laghdú tagtha ar luach steirling. Is rud diúltach é sin do ghnólachtaí Éireannacha a easpórtálann. Tá laghdú tagtha ar an íocaíocht a fhaigheann siad ó chustaiméirí na RA.<br><br>**Tionchar:** Tháinig laghdú ar bhrabúis do ghnó easpórtála na hÉireann mar thoradh ar an laghdú ar luach steirling.<br><br>**2. Moilliú tagtha ar gheilleagair dhomhanda mar gheall ar Covid 19:**<br><br>Tá moilliú tagtha ar gheilleagair idirnáisiúnta. Tá sé sin mar thoradh ar shrianta a cuireadh chun feidhme i dtíortha ar fud an domhain.<br><br>**Tionchar: Tá titim san éileamh ó thíortha domhanda ar ghnólachtaí na hÉireann.**<br><br>**3. Rialacháin mhéadaithe Brexit do ghnólachtaí Éireannacha - taraifí ar easpórtálacha chuig an Ríocht Aontaithe/Breis doiciméadachta/Costas méadaithe iompórtálacha.**<br><br>Ó d'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach tá laghdú tagtha ar dhíolacháin do go leor gnólachtaí Éireannacha. Tá taraifí anois ar earraí Éireannacha nuair a thagann siad isteach sa RA. Bhí cánachas méadaithe ar iompórtáil na hÉireann ón RA | 3 x 5m<br>(2+3) |

agus dá bhrí sin mhéadaigh sin ar na costais do ghnólachtaí na hÉireann.

**Tionchar:** D'fhéadfadh iarmhairtí móra a bheith ann do gheilleagar na hÉireann má roghnaíonn corparáidí trasnáisiúnta (CTNanna) gan lonnú in Éirinn mar go bhfuil siad an-mhór agus fostaíonn siad líon suntasach oibrithe e.g. Pfizer; Boston Scientific.

**4. Fás sa domhandú:**

Tá méadú tagtha ar líon na ngnólachtaí a chaitheann leis an domhan mar mhargadh aonair amháin do tháirgí caighdeánaithe, rud atá le feiceáil in Éirinn inniu. Chabhraigh an t-idirlíon agus an teilifís le gnólachtaí brandaí domhanda a fhorbairt trí fhógraíocht a dhéanamh orthu agus iad a chur chun cinn ar fud an domhain. e.g. Sony, McDonalds, Toyota, Coca Cola.

**Tionchar: Tá sé sin tar éis an iomaíocht do ghnólachtaí Éireannacha a mhéadú. Caithfidh gnólachtaí Éireannacha dul san iomaíocht ar stáitse an domhain.**

**5. An fás ar Bhloic agus Comhaontachais Trádála:**

Is sampla é an tAontas Eorpach de bhloc trádála a cheadaíonn saorthrádáil i measc a chuid ball. Tá Éire ina ball agus dá bhrí sin Is féidir le hÉirinn a bheith ag trádáil go saor le tíortha eile san Aontas gan aon bhacainní ná srianta..

**Tionchar: Tugann sé seo margadh níos leithne (500 milliún+) do bhianna agus do sheirbhísí na hÉireann mar gheall ar an bhfás sa bhallraíocht.**

**6. An Eagraíocht Dhomhanda Trádála:**

Is é an EDT an eagraíocht atá freagrach as trádáil chóir a chur chun cinn idir tíortha. Déanann sé idirbheartaíocht idir ballstáit trí dhírialáil a spreagadh agus fáil réidh le bacainní ar thrádáil.

**Tionchar: Fágann sé sin deiseanna ollmhóra díolacháin do ghnólachtaí na hÉireann thar lear. Tá Éire ina ball ó 1995.**

**7. Iomaíocht:**

D'oscail tíortha Oirthear na hEorpa cosúil le Poblacht na Seice, an Ungáir agus an tSlóvaic a ngeilleagair. Dá bhrí sin tá sé sin tar éis an iomaíocht do ghnólachtaí Éireannacha a mhéadú.

**Tionchar: Is dúshlán faoi leith é sin d'Éirinn toisc gur táirgeoirí den scoth maidir le táirgí talmhaíochta iad na tíortha sin agus is féidir leo cáilíocht a thairiscint ar phraghas níos ísle do thomhaltóir na hEorpa.**

**8. Dírialáil:**

mhéadaigh sé an iomaíocht sa mhargadh agus laghdaigh an cosantachas i.e. fáil réidh le bacainní trádála. Caithfidh gnólachtaí na hÉireann a bheith níos iomaíche anois agus iad ag tabhairt aghaidh ar iomaíocht ó chuideachtaí eachtracha atá níos mó. Caithfidh siad earraí agus seirbhísí den scoth a tháirgeadh ar phraghsanna iomaíocha chun maireachtáil. In **Éirinn** ceadaítear le dírialáil do ghnó nua dul isteach sa mhargadh agus luach a gcuid airgid a thairiscint do thomhaltóirí na hÉireann.

**Tionchar: Le dírialáil na n-earnálacha leictreachais agus aerlíne tá roghanna agus luach ar airgead á dtairgeadh do ghnólachtaí na hÉireann.**

**9. Tíortha atá ag teacht chun cinn / na deiseanna margaidh:**

mar gheall ar fhás na ngeilleagar ar Imeall an Aigéin Chiúin (an Chóiré Theas, an tSín, an tSeapáin, an Téaváin, Singeapór, an Téalainn, an Mhalaeisia, an Indinéis) tá margaí nua tagtha chun cinn. Tá na geilleagair sin ag forbairt go gasta (an réigiún eacnamaíoch is mó fáis ar domhan).

**Tionchar: Chuir siad margaí agus iomaíocht ar fáil do ghnólachtaí na hÉireann.**

**10. Teicneolaíocht:** Tá fás suntasach le feiceáil in earnáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) le blianta beaga anuas. Tá cuideachtaí TFC in Éirinn ag gabháil do raon gníomhaíochtaí; líonraí, forbairt bogearraí etc.

**Tionchar: Chuir ríomhthráchtáil/gnó ar chumas gnólachtaí na hÉireann gnó a fhógairt ar fud an domhain. Tá forbairtí sa teicneolaíocht tar éis ligean dó seo tarlú.**

**11. Imirce:**

Eisimirce daoine oilte as an tír.

**Tionchar: Ganntanas fostaithe atá cáilithe go cuí sa todhchaí.**

**Feabhsúcháin ar iompar**
Ciallaíonn longa lasta go bhfuil an costas a bhaineann le hearraí a iompar idir tíortha laghdaithe. Ciallaíonn barainneachtaí scála gur féidir an costas in aghaidh an earra a laghdú nuair a bhítear ag obair ar scála níos mó. Ciallaíonn feabhsuithe iompair freisin gur féidir le hearraí agus daoine taisteal níos gasta.

**Tionchar -** Costais laghdaithe

**Infhaighteacht agus scileanna saothair**
Tá costais saothair níos ísle ag tíortha mar an India (thart ar an tríú cuid de chostais na RA) agus tá leibhéil arda scileanna acu freisin. Is féidir le tionscail atá dian ar shaothar amhail éadaí

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | leas a bhaint as costais saothair níos saoire agus srianta dlí laghdaithe i roinnt tíortha.<br><br>**Tionchar** – Bíonn sé níos deacra ar chuideachtaí déantúsaíochta maireachtáil in Éirinn, áit a bhfuil an t-íosphá níos airde agus áit ina ndéantar iarrachtaí breise dálaí oibrithe a fheabhsú, i.e. seachtain oibre ceithre lá.<br><br>**Moilliú eacnamaíoch/Paindéim dhomhanda**<br><br>**Méadú ar chomhaontuithe trádála/bacanna trádála**<br><br>**Geilleagair nua atá ag teacht chun cinn**<br><br>**Dírialálacha/breis iarrachtaí na hEagraíochta Domhanda Trádála**<br><br>**Forbairtí i TFC** | |

**(C) Déan measúnú ar an tionchar atá ag aon dá cheann de na polasaithe seo a leanas ar Éirinn:**

**(i)** An Comhbheartas Talmhaíochta

**(ii)** An Beartas Iomaíochta

**(iii)** Cairt Shóisialta an Aontais Eorpaigh.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| 3 | (C) | | **An Comhbheartas Talmhaíochta**<br>**Cuireann sé caighdeán maireachtála cothrom chun cinn d'fheirmeoirí:**<br>Tugann an Comhbheartas Talmhaíochta deontais d'fheirmeoirí faoin scéim íocaíochta aonair. Déanann an tAontas Eorpach na híocaíochtaí sin le feirmeoirí chun cabhrú le hinmharthanacht ghnó na feirme agus chun caighdeáin bia, sábháilteachta agus comhshaoil a fheabhsú.<br><br>**Saorthrádáil/Gan aon bhacainní ná srianta**<br>Tá cead ag feirmeoirí AE a gcuid táirgí a dhíol le ballstáit eile AE gan aon bhacainní ná srianta. Ligeann sé seo d'fheirmeoirí na hÉireann easpórtáil chuig margadh mór.<br><br>**Torthaí Feabhsaithe**<br>Tugann CBT deontais d'fheirmeoirí AE le caitheamh ar a gcuid talún agus ainmhithe a fheabhsú. Cuidíonn sé sin le feirmeoirí na hÉireann barra ardchaighdeáin agus ainmhithe ar ardchaighdeán a tháirgeadh/a thairiscint, rud a chabhraíonn le díolacháin agus brabúsacht a mhéadú.<br><br>**Feirmeoirí a Chosaint ón Iomaíocht**<br>Cuireann an comhbheartas talmhaíochta taraifí le hiompórtálacha bia neamh-AE chun iad a dhéanamh níos costasaí. Spreagfaidh sé sin tomhaltóirí chun níos mó a cheannach ó fheirmeoirí/táirgeoirí laistigh den Aontas Eorpach.<br><br>Measúnú<br><br>**An Beartas Iomaíochta**<br><br>**Toirmisctear ar chairtéil praghsanna a shocrú:**<br><br>Cuireann sé srian ar ghnólachtaí Éireannacha ó chairtéil fhrithiomaíocha a dhéanamh nó<br>ó phraghsanna a choinneáil ard go saorga nó ó<br>cosc a chur ar dhaoine nua teacht isteach sa mhargadh. | 20<br><br>2 x 8m<br><br>(4m +4m)<br><br>(2+2)<br><br>2m<br>Measúnú |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Formheasann sé cumaisc agus táthcheangail chun iomaíocht chóir a chinntiú:**<br><br>Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún cumaisc mhóra agus táthcheangail a rialú. Agus gnó á dhéanamh acu le gnólachtaí níos lú, ní fhéadfaidh gnólachtaí móra a gcumhacht margála a úsáid chun coinníollacha a fhorchur rud a d'fhágfadh go mbeadh sé deacair dá soláthraí nó dá gcustaiméir gnó a dhéanamh le hiomaitheoirí an ghnólachta mhóir.<br><br>Measúnú<br><br>**An Chairt Shóisialta AE seo**<br>**Saorghluaiseacht an Lucht Oibre**<br>Tá sé de cheart ag oibrithe dul ar imirce go saor chun leasa fostóirí i dtéarmaí earcaíochta agus roghnúcháin.<br>**Coinníollacha oibre**<br>Tá sé de cheart ag fostaithe dálaí oibre cothroma a bheith acu. Bunú na treorach maidir le huaireanta oibre etc. Ní féidir le hoibrithe AE ach 48 n-uaire an chloig ar a mhéad sa tseachtain a oibriú. Tá sé de cheart acu freisin laethanta saoire poiblí a bheith acu agus íocaíocht as saoire bhliantúil ceithre seachtaine.<br><br>**Cosaint agus sábháilteacht sláinte**<br>Tá eilimintí maidir le cosaint sláinte agus sábháilteacht ag an obair a cuireadh isteach sa chairt tar éis iallach a chur ar fhostóirí chun dálaí sláinte agus sábháilteachta a fheabhsú san áit oibre. Meastóireacht ag teastáil i ngach cás<br><br>Measúnú | |

**Ceist 4**

**(A)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá chúis atá le haighneas i gcaidreamh tionsclaíoch.**

**(ii) Pléigh dhá chineál gníomhaíochta tionsclaíche oifigiúla atá ar fáil d'fhostaithe atá páirteach in aighneas tionsclaíoch lena bhfostóir.**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| 4 | (A) | (i) | **Pá/Díospóidí faoi phá:** Féadfaidh oibrithe éagsúlacht éileamh pá nó pinsin éagsúil a sheoladh, e.g. éileamh costais mhaireachtála, éileamh inchomparáideachta nó éileamh coibhneasachta. Má dhiúltaíonn an fostóir nó má dhiúltaíonn sé nó sí do na héilimh phá sin d'fhéadfadh díospóidí tionsclaíocha a bheith mar thoradh air sin.<br>**Díospóidí faoi dhálaí/dhualgais oibre:** Is bunriachtanas d'fhostaithe í an tsábháilteacht. Is féidir díospóidí tionsclaíocha a bheith mar thoradh ar mhainneachtain na bainistíochta dálaí oibre sábháilte, trealamh sábháilte, sláinteachas ceart agus téamh leordhóthanach a sholáthar. D'fhéadfadh díospóid a bheith mar thoradh ar athruithe ar dhálaí oibre.<br>**Cleachtais oibre nua/Teicneolaíocht Nua:** Féadfaidh oibrithe cur i gcoinne teicneolaíocht nua a thabhairt isteach má chreideann siad nár chuir an fostóir oiliúint nó luach saothair leordhóthanach ar fáil as a dtáirgiúlacht mhéadaithe.<br>**Iomarcaíochtaí:** roghnú le haghaidh iomarcaíochta, iomarcaíocht Pacáiste luach saothair. Má bhraitheann oibrithe go bhfuil nósanna imeachta éagóracha maidir le roghnú á n-úsáid nó mura bhfuil íocaíochtaí iomarcaíochta leordhóthanach e.g. b'fhéidir gur mhaith le fostóirí fostaithe a 'roghnú mar is áil leo' le haghaidh iomarcaíochta agus b'fhéidir gur fearr le ceardchumann a dhéanann ionadaíocht ar na fostaithe córas 'an té is déanaí isteach is túisce amach'.<br>**Saincheist críochadóireachta:** Difríochtaí pá agus coinníollacha oibre idir grúpaí oibrithe den chineál céanna.<br>Glac le freagraí cuí: Pinsin, Teidlíochtaí saoire, Aitheantas Ceardchumann, Dífhostú Éagórach, Idirdhealú etc. | 20<br><br>10<br><br>(2 x 5m)<br><br>2 + 3 |
| | | (ii) | Pléigh **dhá** chineál gníomhaíochta tionsclaíche oifigiúla atá ar fáil d'fhostaithe atá páirteach in aighneas tionsclaíoch lena bhfostóir.<br><br>**Stailc Oifigiúil:**<br>• Diúltaíonn fostaithe dul isteach san ionad oibre nó a gcuid dualgas oibre a chomhlíonadh. Is éard atá i gceist le stailc oifigiúil ballóid rúnda, fógra ceart a thabhairt don fhostóir agus smachtbhanna ag Comhdháil na gCeardchumann.<br>• Coinníonn baill an cheardchumainn atá ar stailc picéad lasmuigh den ionad oibre. | (2 x 5m)<br><br>(2+3) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Oibriú de réir rialach:**<br>• Ní thugann fostaithe ach faoi na poist bheachta atá scríofa ina sainchuntas poist/conradh fostaíochta.<br>• Leanann oibrithe rialacha a gconarthaí fostaíochta chuig 'fuarlitir an dlí'.<br>**Cosc ar ragobair:**<br>• Diúltaíonn fostaithe uaireanta breise a oibriú.<br>• D'fhéadfadh sé sin cur isteach go mór ar chúrsaí, agus orduithe caillte agus díolacháin caillte mar thoradh air, go háirithe ag buaic-amanna trádála e.g. diúltaíonn fostaithe aerlíne ragobair a dhéanamh le linn na tréimhse saoire.<br>**Stopadh Oibre/Stailc chomharthach:**<br>• Stop gairid á chur ag na hoibrithe ar a gcuid oibre d'fhonn<br>aird a tharraingt ar a gcuid frustrachais ar cheist ar leith.<br>• Cuireann sé sin béim ar an rún chun an bhagairt a bhaineann le gníomh breise níos tromchúisí a dhéanamh mura dtiocfar ar chomhaontú. | |

**(B) Déan cur síos ar chaidreamh comhoibritheach agus ar chaidreamh iomaíoch idir dhá tháirgeoir sa chineál céanna gnó. Bain úsáid as samplaí cuí chun tacú le do fhreagraí.**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **4** | **(B)** | | Is ann do **<u>chaidreamh comhoibritheach</u>** nuair a bhíonn **an dá pháirtí ag obair le chéile chun comhsprioc a bhaint amach.** Is caidreamh é a bhfuil buntáiste ag gach taobh ann/ **cás comhshochair**, áit a ngnóthaíonn an dá thaobh agus iad araon níos fearr as ina dhiaidh sin ná mar a bhí siad roimhe sin.<br>D'fhéadfadh caidreamh comhoibritheach a bheith ann idir táirgeoirí sa líne chéanna ghnó chun tomhaltas an earra a spreagadh. Sampla:<br>Roinneann dhá mhonaróir gluaisteán iomaíocha an costas a bhaineann le gléasra monaraíochta a fhorbairt. nó Oibríonn roinnt táirgeoirí bainne le chéile chun feachtas a chruthú chun tomhaltóirí a spreagadh chun a n-iontógáil déiríochta a mhéadú/níos mó bainne a ól etc. Comhoibríonn tábhairneoirí i mbaile/cathair áitiúil chun féile a chur chun cinn.<br>Tagraíonn **<u>caidreamh iomaíoch</u>** idir gnólachtaí iomaíocha don dá ghnólacht atá ag saothrú **sprioc atá comheisiatach** mar iarracht chun cuspóirí áirithe a bhaint amach ar chostas an duine eile. Tugtar caidreamh ina mbuaitear agus ina gcailltear air.<br>Tá déantúsóirí gluaisteán amhail Volkswagen agus Renault san iomaíocht tríd an méid a leanas a dhéanamh;<br>• Cáilíocht earraí.<br>• Praghas earraí.<br>• Seirbhís do Chustaiméirí.<br>• Rogha earraí agus seirbhísí. | 2 x 10<br><br>(4 + 3 +3) |

**(C) (i) Mínigh an modh chun an conradh dleathach dá dtagraítear sa téacs thuas a fhoirceannadh.**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **4** | **(C)** | (i) | Comhaontú<br>Féadfaidh na páirtithe sa chonradh comhaontú chun deireadh a chur leis an gconradh/é a thabhairt i gcrích le toiliú frithpháirteach/ cibé an bhfuil cuspóir an chonartha bainte amach nó nach bhfuil. | 6<br><br>3+3 |

**(ii) Tabhair breac-chuntas ar mhodhanna eile chun deireadh a chur le conradh dlíthiúil. Tabhair sampla i ngach cás.**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **4** | **(C)** | **(ii)** | **Sárú conartha**<br>Más rud é nach gcomhlíonann duine de na páirtithe a t(h)aobh den chomhaontú/den oibleagáid chonartha i.e. ní dhéantar maith de na gealltanais a rinneadh, meastar gur séanadh an conradh.<br><br>Tá an páirtí ag sárú coinníll/gné riachtanach den chonradh.<br>Tá sé de cheart ag an dara páirtí chun caingne sna cúirteanna i gcoinne an chéad pháirtí ba chúis leis an sárú/i dteideal cúitimh.<br><br>Aon sampla cuí:<br>Fostaítear tógálaí chun grianán/seomra gréine a thógáil ach thóg sé seomra gan ach fuinneog amháin ann.<br>Féadfaidh an dara páirtí an tógálaí a thabhairt chun na cúirte.<br><br>**Feidhmíocht**<br>Comhlíonann an dá pháirtí den chonradh na dualgais atá orthu mar a leagtar amach sa chonradh iad/cuirtear an conradh i ngníomh i gcomhréir leis na téarmaí a chomhaontaíodh. Aon sampla cuí: Rinneadh áirithint le banna i gcomhair bainise. Feidhmíonn siad mar a aontaíodh agus íoctar go hiomlán iad.<br><br>**Dírathú/Frustrachas**<br>Ní féidir an conradh a chur i gcrích mar gheall go dtarlaíonn eachtra gan choinne/ Tarlaíonn rud éigin a chiallaíonn nach féidir an conradh a thabhairt chun críche. Mar gheall ar bhás Michael Jackson níorbh fhéidir dó a cheolchoirmeacha a chur ar siúl i Londain. De bharr na paindéime Covid 19 níorbh fhéidir an conradh a bhí ag Gerry Cinnamon chun a thuras Éireannach a dhéanamh i samhradh na bliana 2020 a chomhlíonadh. | 14m<br><br>2 x 7m<br><br>(2+3+2) |

**Ceist 5**

**(A) Pléigh na scileanna agus na tréithe fiontraíochta a shamhlófá le fiontraithe ar nós Maria agus Dáithí.**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| 5 | (A) | | • **Ag Glacadh Riosca**<br>Glacann sé/sí riosca pearsanta agus airgeadais. Glacann fiontraithe riosca maidir lena gcuid ama agus a gcuid airgid a infheistiú.<br>Caithfidh David agus Maria an scil a fhorbairt chun glacadh le rioscaí ar bhonn réalaíoch.<br>e.g. Caithfidh siad cinneadh a dhéanamh cathain is ceart leathnú a dhéanamh/cathain is féidir airgead a fháil ar iasacht etc.<br>• **Nuálach/Cruthaitheach**<br>Forbraíonn fiontraithe an scil chun smaoineamh ar smaointe nua- smaoineamh as an nua – féachaint le rudaí a fheabhsú. e.g. d'fhorbair Maria agus David bealaí nua chun a gcuid prátaí a dhíol go díreach le tomhaltóirí.<br>• **Cinntitheach/Cinnteoireacht**<br>Foghlaimíonn fiontraithe chun cinntí tapa agus éifeachtacha a dhéanamh. Beidh foghlamtha ag Maria agus David dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha agus cinntí á ndéanamh acu. Beidh sé foghlamtha acu freisin na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le cás a mheá.<br>• **Teacht Aniar/Athléimneach**<br>Foghlaimíonn fiontraithe chun deacrachtaí a shárú<br>D'fhoghlaim Maria agus David go gcaithfidh siad a bheith toilteanach deacrachtaí a shárú.<br>• **Muiníneach**<br>Foghlaimíonn fiontraithe chun féinchreideamh/creideamh a bheith acu ina smaoineamh féin. Bhí creideamh ag Maria agus David ina bhfiontar nua/prátaí corcra.<br>• **Solúbtha**<br>Tá fiontraithe in ann oiriúnú do chúinsí athraitheacha.<br>Bhí Maria agus David in ann oiriúnú do threochtaí an mhargaidh agus d'athraigh siad ó phrátaí traidisiúnta a tháirgeadh go prátaí Violetta.<br>• **Dírithe ar an todhchaí**<br>Foghlaimíonn fiontraithe féachaint don todhchaí agus pleananna a chur le chéile chun fanacht chun tosaigh ar iomaitheoirí. D'aithin Maria agus David deis le bheith ina gceannaire margaidh.<br>• **A bheith Réamhghníomhach/Tionscantach**<br>Is iad fiontraithe a thionscnaíonn rudaí seachas fanacht ar dhaoine eile sin a dhéanamh. Tá siad lán fuinnimh.<br>Bhí an tionscnamh ag Maria agus David chun gnó nideoige a fhorbairt ag díol prátaí speisialtachta corcra Violetta. | 5m<br>2+3 |

**(B) Léirigh na tosca nach mór do ghnólacht a chur san áireamh agus é i mbun caidrimh lena pháirtithe leasmhara éagsúla.**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **5** | **(B)** | | **Teanga Chuí/Soiléireacht**<br>Má tá an teanga rótheicniúil nó ródheacair do na custaiméirí a thuiscint ansin féadfar an teachtaireacht a mhíthuiscint.<br>Caithfidh an gnó teanga a roghnú a oireann dá lucht féachana. I gcás custaiméirí, d'fhéadfadh go mbeadh abairtí gearra soiléire agus tacaí amhairc etc. oiriúnach do thionól táirgí e.g. leacphacaí.<br>**Rúndacht/Sábháilteacht**<br>Caithfidh an meán a roghnófar a bheith oiriúnach don teachtaireacht atá á tabhairt.<br>Má tá an teachtaireacht íogair don gheallsealbhóir e.g. conradh fostaíochta fostaí a fhoirceannadh, bheadh cruinniú níos oiriúnaí ná litir nó r-phost.<br>**Costas**<br>Is fachtóir an-tábhachtach é costas an phróisis cumarsáide.<br>Féadfaidh POF a dhéanann cumarsáid lena bhainisteoirí ar fud an domhain a roghnú cruinniú fíorúil a thionól chun costais taistil agus cothaithe a laghdú.<br>**Práinn/Luas/Ceann Scríbe**<br>Má chaithfear píosa faisnéise ríthábhachtach a chur in iúl láithreach do sholáthraí, ansin d'fhéadfadh sé go mbeadh glao gutháin, téacs nó r-phost oiriúnach e.g. chun athrú ar amanna seachadta a shocrú.<br>**Aiseolas/Cruinneas/Taifead (e.g. geallsealbhóir, an Rialtas)**<br>D'fhéadfadh go mbeadh an gnó ag lorg aiseolais d'fhonn beart breise a dhéanamh. D'fhéadfadh go mbeadh comhfhreagras rialta agus taifid i scríbhinn ag teastáil le cumarsáid leis na coimisinéirí ioncaim agus sa chás sin is féidir le litreacha gnó agus r-phost fianaise fhoirmiúil a sholáthar ar an bpróiseas aiseolais, agus deireadh a chur le míthuiscintí.<br>Fachtóirí ábhartha eile: Ceanglais dhlíthiúla; Infhaighteacht na teicneolaíochta etc.<br>**Scileanna Cumarsáide an Ghlacadóra / an cumas chun freagartha**<br><br>**Nóta:** I gcás iarrthóirí a bhí ag freagairt trí Ghaeilge, glac le freagraí ábhartha a bhaineann le caidreamh le páirtithe leasmhara.<br>Baineann an leagan Gaeilge den pháipéar le caidreamh le páirtithe leasmhara ach baineann an leagan Béarla le cumarsáid le páirtithe leasmhara.<br>Glac le bacainní cumarsáide, freagrachaí sóisialta agus eiticiúla freisin, mar shampla,<br>• Scairsealbhóirí/infheisteoirí – aischur réasúnta a thuilleamh dóibh. Eolas macánta a thabhairt dóibh.<br>• Fostaithe – pá réasúnta agus coinníollacha oibre maith a chur ar fail, gan aon leithcheal a dhéanamh. | 4 x 5<br>(2+3) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | • Tomhaltóir – earraí do cháilíocht ard agus praghas réasúnta a chur ar fail, gaon aon fógraíocht míthreorach a dhéanamh, éist le gach gearáin ó chustaiméirí.<br>• Rialtas – cáin go léir a íoc agus dlí a leanúint.<br>• Soláthróirí – íoc in am, conarthaí a choiméad.<br>• Cairdiúil leis an timpeallacht – bheith macánta agus oscailte leis na páirtithe leasmhara ar fad.<br>• Comhairliúcháin – dul i dtagmháil le páirtíthe le suim acu nuair atá siad ag forbairt agus ag tabhairt isteach polasaí a chuireann isteach ar an timpeallacht.<br>Glacadh le freagraí ábhartha eile. | |

**(C) (i) Sainmhínigh an téarma tarmligean.**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| 5 | (C) | (i) | Is éard atá i gceist le tarmligean **údarás** a shannadh do dhuine eile. De ghnáth sanntar é ó bhainisteoir chuig fo-oifigeach/íochtarán, chun tasc nó tionscadal oibre ar leith a dhéanamh. Sanntar cuntasacht an taisc/tionscadail áirithe freisin. | 5m<br>2+3 |

**(ii) Déan cur síos ar na buntáistí a bhaineann le tarmligean le haghaidh:**

- Bainistíochta na bhfostaithe

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| 5 | (C) | (ii) | **Tugann sé am saor ar fáil don bhainistíocht don phleanáil straitéiseach:**<br>Ní cheanglaítear ar an mbainisteoir an obair go léir a dhéanamh agus bíonn níos mó ama aige nó aici don phleanáil straitéiseach.<br>**Éifeachtacht mhéadaithe:**<br>Féadfar tasc/tionscadal a chur i gcrích ar chaighdeán níos airde mar gheall ar an leibhéal cuntasachta pearsanta a sholáthraíonn toscaireacht.<br>**Spreagadh méadaithe/meanma foirne:**<br>Spreagadh méadaithe na bhfostaithe ó shaibhriú poist/ meanma foirne feabhsaithe/obair níos dúshlánaí. Uirlis bainistíochta ama éifeachtacha/ is féidir le bainisteoirí tosaíocht a thabhairt do thascanna ar gá dóibh aird a thabhairt orthu.<br>**Forbairt foirne:**<br>Le lucht saothair ardoilte beidh solúbthacht bainistíochta níos fearr ann. Leis na tascanna déantar an fhoireann a uasoiliúint agus a gcumas a fhorbairt.<br>**Feabhsaíonn an chothromaíocht oibre is saoil don bhainisteoir:**<br>Le tarmligean féadfar cothromaíocht oibre is saoil an bhainisteora a fheabhsú. Aithníonn an bainisteoir an gá atá le tarmligean agus is féidir go dtiocfadh laghdú ar a n-ualach oibre mar thoradh air. | 3 x<br>5m<br>(2+3) |

## Ceist 6

**(A) (i) Déan idirdhealú idir foirmiú agus normú mar chéimeanna i bhforbairt foirne.**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **6** | **(A)** | (i) | Tagraíonn foirmiú do bhaill na foirne ag teacht le chéile den chéad uair. Is féidir easpa muiníne a bheith ann idir baill foirne. Déanfaidh ceannaire na foirne iarracht caidrimh a thógáil agus cuspóirí na foirne a leagan amach<br><br>Is ionann normú agus nuair a bhíonn noirm/rialacha bunaithe maidir le conas a iompróidh an fhoireann iad féin, na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo etc. Sáraíodh coinbhleachtaí a d'fhéadfadh tarlú i gcéim an stoirmithe. Tá muinín forbartha idir baill foirne agus róil curtha ar bun. | 6<br>3 + 3 |

**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le hobair foirne d'fhostaithe i ngnólacht**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **6** | **(A)** | **(ii)** | **Spreagadh Méadaithe/Meanma méadaithe foirne:**<br>Bíonn an lucht saothair níos spreagtha nuair a bhíonn siad ag obair mar chuid d'fhoireann. Déanann baill foirne a n-iarrachtaí is fearr in iarracht d'fhonn cuspóirí na foirne a bhaint amach.<br><br>**Neamhláithreacht laghdaithe:**<br>Aithníonn fostaithe go bhfuil daoine eile ag brath orthu. Féadann sé sin leibhéal an neamhláithreachta sa lucht saothair a laghdú.<br><br>**Éifeachtúlachtaí/cumarsáid mhéadaithe:**<br>Féadann obair foirne cumarsáid leis an eagraíocht a fheabhsú. D'fhéadfadh an fhoireann níos mó scileanna idirphearsanta a fhorbairt dá bharr. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar bhealach le smaointe a roinnt agus dul i dtreo éifeachtúlachtaí níos fearr.<br>**Cinnteoireacht fheabhsaithe:**<br>Tá eolas agus taithí ag baill foirne a roinneann siad lena chéile. D'fhéadfadh cinntí níos éifeachtaí agus tasc a bheith curtha i gcrích níos gasta mar thoradh air sin<br>**Glac le freagraí ábhartha eile cosúil le láimhdeachas saothair íseal** | 10<br><br>2 x 7m<br><br>(4 + 3) |

**(B) Pléigh na buntáistí do chuideachta amhail Kerry Group a bhaineann le Bainistíocht Láncháilíochta (BLC) a ghlacadh chuici féin.**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **(B)** | | **Díolacháin Mhéadaithe/Clú Níos Fearr**<br>Is éard atá i gceist le BLC an gnó ag díriú ar riachtanais an chustaiméara. Is é an leas atá le baint as ná go dtiocfaidh méadú ar dhíolacháin don Kerry Group de réir mar a fheabhsaítear sástacht na dtomhaltóirí agus forbróidh an gnó cáil as earraí agus seirbhísí ar ardchaighdeán a fhorbairt.<br><br>**Spreagadh na bhfostaithe méadaithe / Méadú ar shástacht poist**<br>Spreagann cumhachtú na bhfostaithe na fostaithe chun cinntí a dhéanamh. Sásaíonn muinín breise seo ón mbainistíocht meas na bhfostaithe. Féadann sé sin táirgiúlacht a mhéadú do Kerry Group.<br><br>**Costais laghdaithe/lochtanna nialasacha**<br>Déanfaidh gnólachtaí a ghlacann le BLC a ndícheall le haghaidh 'lochtanna nialasacha' i dtáirgeadh. Is é an buntáiste a bhaineann leis níos lú dramhaíola do Kerry group agus níos lú aisíocaíochtaí.<br><br>**Obair Foirne/Cumhachtú fostaithe/Sástacht poist mhéadaithe**<br>Spreagann cumhachtú na bhfostaithe na fostaithe chun cinntí a dhéanamh. Sásaíonn muinín breise seo ón mbainistíocht meas na bhfostaithe.<br><br>**Obair Foirne/Cuidigh le fostaithe cumasacha a mhealladh**<br>Prionsabal de BLC is ea go n-oibríonn fostaithe i bhfoirne, ag méadú táirgiúlachta agus sástachta. Feabhsóidh sé sin cáil Kerry Group mar áit tharraingteach le bheith ag obair. Fágfaidh sé sin go mbeidh sé níos éasca do Kerry Group foireann ardchaighdeáin a mhealladh. | 15<br>3@5(2+3) |

**(C) (i) Mínigh na cineálacha luachanna saothair airgeadais agus neamhairgeadais seo a leanas.**
**Coimisiún Plean Ceannaithe Scaireanna d'Fhostaithe Fleisc-am**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **6** | **(C)** | **(i)** | **Coimisiún**<br>Tuilleann fostaithe céatadán den díolachán iomlán a ghnóthaíonn siad.<br>Leis an gcoimisiún féadfar spreagadh na foirne díolacháin a mhéadú chun earraí agus seirbhísí a dhíol le tomhaltóirí.<br><br>**Plean ceannaithe scaireanna d'fhostaithe**<br>Féadfaidh fostaithe scaireanna a cheannach sa chuideachta ar phraghas lascainithe.<br>Féadann sé sin spreagadh na bhfostaithe a mhéadú mar gur chun leasa dóibh a bheith ag obair go crua agus an gnó a dhéanamh rathúil.<br><br>**Fleisc-am**<br>Tá sé de chumhacht ag fostaithe a gcuid uaireanta oibre féin a roghnú laistigh de chreat ama. Ní mór d'fhostaithe a gcuid uaireanta conartha a chomhlíonadh. i.e. Caithfidh fostaithe seachtain 40 uair an chloig a oibriú ach is féidir leo tosú ag 10 a.m. agus críochnú ag 6 p.m. seachas an obair thraidisiúnta 9 a.m. go 5 p.m. a oibriú. | 25<br><br>18<br>3@6m<br>(3+3) |
| | | | | |

**(ii) Déan cur síos ar chineál amháin eile luacha saothair a spreagann fostaithe ardchumais, dar leat.**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| **6** | **(C)** | **(ii)** | Glac le luaíocht ábhartha | 7<br>2 + 3 +2 |
| | | | | |

**Ceist 7**


**(A) Tabhair breac-chuntas ar na foinsí inmheánacha agus seachtracha ónar féidir le gnólachtaí smaointe a fháil do tháirgí nua.**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| 7 | (A) | | • **Scileanna agus eolas**<br>• Is féidir le fiontraí scil nó eolas ar leith a úsáid is féidir a úsáid chun gnó a fhorbairt. Mar shampla, b'fhéidir go dtosódh ceoltóir ag tairiscint ceachtanna ceoil.<br>• **Spéiseanna agus caitheamh aimsire**<br>• D'fhéadfadh fiontraithe an rud a thaitníonn leo a úsáid chun deis a aithint.<br>• D'éirigh le Roz Purcell leabhar cócaireachta a sheoladh go rathúil<br>• **Taisteal thar lear:**<br>• Faigheann fiontraithe smaointe ó tháirgí/seirbhísí a chonaic siad ag obair in áiteanna eile thar lear.<br>• Ansin déanann siad na smaointe/táirgí sin a oiriúnú chun freastal ar riachtanais a margaidh.<br>• **Gnólachtaí/Iomaitheoirí atá ann cheana a Chóipeáil:** Faigheann fiontraithe smaointe ón méid a fheiceann siad atá á dhéanamh ag gnólachtaí atá ann cheana. Féadann iomaitheoirí smaoineamh a thabhairt do na fiontraithe maidir le táirge/seirbhís nua dá gcuid féin.<br>• **Moltaí ó Chairde/ón Teaghlach:**<br>• Faigheann fiontraithe smaointe ó chairde nó ó bhaill teaghlaigh a d'fhéadfadh moltaí a dhéanamh nó aird a tharraingt ar fhadhb le táirge/seirbhís atá ann cheana.<br>• **Idirlíon:**<br>• Faigheann fiontraithe smaointe ón idirlíon. D'fhéadfadh imeacht, físeán, treocht, fadhb a fheiceann siad ar líne smaoineamh a spreagadh maidir le táirge/seirbhís nua is féidir leo a thairiscint.<br>• **Tobsmaointeoireacht:** bíodh seisiún tobsmaointeoireachta agat chun teacht ar smaoineamh nua.<br>• **Na Meáin** - Is féidir le fiontraithe smaointe a fháil ó nuachtáin, teilifís, raidió etc.<br>• **Treochtaí Faisin/Tomhaltóirí –** éisteacht le treochtaí atá san fhaisean/custaiméirí agus táirge a dhéanamh a oireann dá riachtanais.<br>• **Ionadaíocht ar iompórtáil/ionadú allmhairí/iompórtálacha-** Déan táirge atá á iompórtáil faoi láthair. Feiceann iomaitheoirí a bhfuil á dhéanamh ag an iomaitheoir agus déanann siad níos fearr é. | 4@5(2+3) |

**(B)** Chuir Meonta na Gealaí an t-eolas seo a leanas ar fáil maidir lena líne nua táirgí:

| | |
|---|---|
| Aschur tuartha (Díolacháin) | 30,000 |
| Praghas Díola in aghaidh an aonaid | €15 |
| Costais Sheasta | €200,000 |
| Costais Athraitheacha in aghaidh an aonaid | €5 |

**Léirigh iad seo a leanas le cairt mheá ar mheá:**
**(i) An pointe meá ar mheá**
**(ii) An lamháil sábháilteachta ar an aschur tuartha**
**(iii) An brabús ar an aschur tuartha.**

<table>
<tr><th colspan="3">Ceist</th><th>Freagra Féideartha</th><th>Uas mharc</th></tr>
<tr><td>6</td><td>B</td><td></td><td>


</td><td>25</td></tr>
</table>

**Ríomhanna amháin**

(i)

**Pointe Cóimheá** = $\frac{F.C.}{S.P - V.C}$

= $\frac{200,000}{15 - 5}$

= **20,000 aonad** ❹

(ii)

**Iamháil sábháilteachta** = Méid na nDíolachán – BEP

= 30,000 – 20,000 = **10,000 aonad** ❹

(iii)

**Brabús ar Aschur Tuartha.**

| Aonaid | Praghas Díola | Costais Athraitheacha | Seasta Costais | Iomlán Costais | Iomlán Ioncam | Brabús |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 0 | 15 | 0 | 200,000 | 200,000 | 0 | -200,000 |
| 20000 | 15 | 100000 | 200,000 | 300,000 | 300,000 | 0 |
| 30000 | 15 | 150000 | 200,000 | 350000 | 450,000 | 100,000 |

**Freagra: €100,000** ❹

**nó**

| | **0** | **20,000** | **30,000** |
|---|---|---|---|
| **Costais Athraitheacha (€5)** | 0 | 100,000 | 150,000 |
| **Costais Sheasta** | 200,000 | 200,000 | 200,000 |
| **Costais Iomlána** | 200,000 | 300,000 | 350,000 |
| **Ioncam Iomlán (€15)** | 0 | 300,000 | 450,000 |
| **Brabús** | 0 | 0 | ***100,000*** |

**(C) (i) Sainmhínigh an téarma lamháil sábháilteachta.**

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| C | (i) | | Is é an lamháil sábháilteachta an méid díolachán (in aonaid) is féidir le gnólacht a chailleadh sula sroicheann sé Pointe Cóimheá/meá ar mheá. Aithníonn sé an pointe ag a dtosóidh gnólachtaí caillteanas a dhéanamh agus feidhmíonn sé mar mhaolán do ghnó lena chinntiú nach sroichfear an pointe sin. | 5 |

**(ii) Pléigh teorainn amháin a bhaineann le hanailís chóimheá nuair a bhíonn cinntí gnó á ndéanamh**.

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| C | (ii) | | **Barainneachtaí scála:**<br>Ní thugtar sa chairt chóimheá cuntas ar an gcostas athraitheach in aghaidh an aonaid ag laghdú de réir mar a mhéadaíonn aschur.<br><br>**Praghas díola:**<br>Mar theorainn leis an gcairt chóimheá is ea go nglacann sé leis go bhfanann an praghas díola mar an gcéanna. Ní cheadaítear leis/ní áirítear leis go bhféadfaí an praghas díola a laghdú le haghaidh mórorduithe.<br><br>**Glac le freagraí ábhartha eile mar;**<br>Stoc lochtach: Ní cheadaítear leis an gcairt chóimheá costais táirgí atá lochtach/a bhfuil earráidí lochtacha táirgeachta iontu.<br><br>Is feidhm iad brabúis a bhaineann ní amháin le haschuir, ach freisin le fachtóirí eile cosúil le hathrú teicneolaíochta, feabhas ar bhainistíocht, etc., rudaí a ndéantar dearmad orthu san anailís seo. | 2@10<br><br>(5+5) |

## Ceist 8

**(A) Pléigh na trí dhúshlán thíos a thabhairt orthu mar ghnólacht nuathionscanta:**

**Struchtúr Úinéireachta  Táirgeadh  Maoiniú**

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| A | | | **Rochtain ar Airgeadas:**<br>• Is féidir go mbeadh sé an-deacair do ghnólachtaí nua airgead a bhailiú. Saincheisteanna maidir le brabúis a roinnt, ag cur ina luí ar infheisteoirí.<br>• Caipiteal oibre leordhóthanach<br>• Beidh foinsí airgeadais gearrthéarmacha agus fadtéarmacha ag teastáil ó fhiontraithe agus b'fhéidir go mbeidh orthu maoiniú a fháil trí chaipiteal iasachta ó institiúidí airgeadais nó iarracht a dhéanamh cur ina luí ar infheisteoirí an t-airgead a theastaíonn uathu a thabhairt dóibh.<br><br>**Roghnaigh an struchtúr úinéireachta ceart:**<br>• Caithfidh fiontraithe cinneadh a dhéanamh ar an struchtúr úinéireachta is fearr don ghnó.<br>• Caithfidh siad an cineál gnó atá á fheidhmiú acu, líon na n-úinéirí atá i gceist agus na himpleachtaí cánach agus riaracháin dá rogha féin a chur san áireamh.<br>• Trádálaí aonair, cuideachta, comhpháirtíocht<br><br>**Modh táirgeachta a roghnú:**<br>• Beidh tionchar ag an modh táirgeachta; Barainneachtaí scála, cineál na n-oibrithe a theastaíonn (ísealoilte nó ardoilte) etc.<br>• Táirgeadh Poist, Baisc nó Olltáirgeacht. | 2 x 7m<br>(2+3+2)<br><br>1 x 6m<br>(2+2+2) |

**(B) Déan cur síos ar na chéad cheithre chéim de phróiseas forbartha táirge nua.**

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| B | | | **Giniúint Smaointe**<br>• Déantar smaointe tosaigh don táirge nua a bhreithniú go córasach. Is féidir leo a bheith inmheánach nó seachtrach.<br>• Is féidir smaointe a ghiniúint trí sheisiúin thob smaointeoireachta, taighde margaidh, moltaí foirne, moltaí / aiseolas ó chustaiméirí ar tháirgí nó seirbhísí atá ann cheana, iomaitheoirí, T&F etc.<br><br>**Scagadh Táirgí**<br>• Déantar grinnfhiosrú ar gach smaoineamh agus cuirtear ar leataobh na smaointe praiticiúla agus neamh-inoibrithe, rud a fhágann na smaointe is inmharthana le haghaidh tuilleadh scrúdaithe agus forbartha.<br>• Cuidíonn scagadh cúramach le gnólachtaí costais ollmhóra a sheachaint agus iad ag forbairt smaointe nach bhfuil inmhargaidh ina dhiaidh sin agus cinntíonn sé nach gcailltear deiseanna maithe.<br><br>**Forbairt Coincheapa**<br>• Is éard atá i gceist leis sin an smaoineamh a iompú ina tháirge nó seirbhís iarbhír a thaitneoidh le/fhreastalóidh ar riachtanais na gcustaiméirí.<br>• Sainaithnítear gné uathúil dhíolacháin (USP - unique selling point) a dhéanfaidh idirdhealú idir é agus táirgí eile ar an margadh.<br><br>**Staidéar féidearthachta:**<br>• Déantar é sin chun a mheas má tá acmhainneacht ag baint le táirge. Féachann sé lena dhéanamh amach an féidir é a tháirgeadh go teicniúil (indéantacht táirgeachta) agus an mbeidh sé brabúsach (indéantacht airgeadais).<br>• An gcomhlíonfaidh sé rialáil an rialtais maidir le caighdeáin sábháilteachta, agus an mbeidh sé indíolta etc.?<br>• Lorgaíonn sé freagraí ar cheisteanna amhail, cén t-éileamh a bheidh ar an táirge; cad a chosnóidh sé é a tháirgeadh agus an féidir leis an ngnólacht é sin a íoc? | 20<br><br>4@5(2+3) |

**(C) (i) Sainmhínigh an téarma deighilt an mhargaidh.**

**(ii) Léirigh dhá bhealach éagsúla ar féidir an margadh a dheighilt.**

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| C | | | I gceist le deighilt an mhargaidh tá an margadh **a roinnt** isteach **ina chodanna atá inaitheanta go soiléir** a bhfuil **comhthréithe** acu. Ligeann sé do ghnólacht a spriocmhargadh a aithint.<br><br>Is éard atá i gceist leis spriocmhargadh leathan a roinnt i bhfo-thacair de thomhaltóirí, gnólachtaí nó tíortha a bhfuil comhriachtanais agus tosaíochtaí acu, agus ansin straitéisí a dhearadh agus a chur chun feidhme chun díriú orthu. | 6<br>(3 + 3) |

**(C) (ii) Léirigh dhá bhealach éagsúla ar féidir an margadh a dheighilt.**

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|---|
| C | | | **Déimeagrafach**<br>• Déanann sé anailís ar thomhaltóirí de réir aoise, inscne, méid teaghlaigh, ioncaim, gairme.<br>• Don mhórmhargaíocht, tá an gné dhéimeagrafach ar cheann de na bealaí is fearr mar go bhfuil aois, inscne agus ioncam ag gach duine.<br>• e.g. Aois: Is minic a dhíríonn gnólachtaí ar aoisghrúpaí áirithe, mar shampla Nintendo ag forbairt táirgí do leanaí agus do dhaoine fásta nó Netflix ag forbairt sraitheanna teilifíse d'aoisghrúpaí difriúla.<br>• e.g. Inscne: Dírítear ar fhir agus ar mhná le cineálacha éagsúla éadaigh Díríonn Topshop ar fhir 15-35 bliana d'aois ach díríonn Topshop ar mhná 15-35 bliana d'aois.<br><br>**Tíreolaíoch/Geografach**<br>• Déanann anailís ar thomhaltóirí de réir a gceantair – contae/réigiún/tír etc.<br>• Trí dheighleoga a úsáid amhail uirbeach i gcoinne tuaithe, thuaidh i gcoinne theas, cóstaí farraige i gcoinne lár tíre, ceantair theo i gcoinne ceantair fhuara is féidir leis an ngnó straitéis mhargaíochta a dhearadh chun na spriocmhargaí roghnaithe a shásamh.<br>• e.g. Gnó nuachtáin/raidió a thairgeann táirgí/seirbhísí éagsúla do dhaoine i gCúige Laighean ná daoine i gCúige Mumhan etc; | 14<br><br>(7+7)<br><br>2 + 3 + 2 |

Spin South West, Midlands 103 etc.. Nuachtáin Munster Express, The Connaught Tribune agus The Leinster express.

- Déantúsóirí gluaisteán ag forbairt táirgí difriúla do dhaoine in aeráidí an-te ná mar a thairgtear do dhaoine atá lonnaithe in aeráidí níos fuaire.

**Iompraíochta**

- Déanann sé anailís ar thomhaltóirí de réir a n-eolais faoi tháirge agus a meon i leith úsáid táirge nó an fhreagairt a bhíonn acu ar thairge.
- Tob-cheannach /Luach ar airgead (praghas speisialta) /Pacáistí ceiliúrtha seacláidí mar phléisiúr séasúrach (Cáisc/Nollaig etc.)

**Síceolaíoch**

- Déanann sé anailís ar thomhaltóirí de réir aicme shóisialta, stíl mhaireachtála agus saghas pearsantachta.
- Meon – seacláid orgánach/ceisteanna timpeallachta a bhaineann leis an bpónaire cacó a tháirgeadh.
- Slí mhaireachtála – níos airí faoin tsláinte (comhábhair nádúrtha)/seacláid gan siúcra/barraí próitéine/aireach faoin aiste bia.
- Bíonn níos mó ama scáileáin ann, níos mó sneaiceanna agus tú ag féachaint ar an teilifís/Netflix.